



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Nollaig 2023
(OR. en)

16551/23

**Comhad Idirinstiúideach:
2023/0441(CNS)**

**COCON 51
VISA 243
FREMP 366
FRONT 404**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	7 Nollaig 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 930 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2015/637 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha agus Treoir (AE) 2019/997 lena mbunaítear Doiciméad Taistil Éigeandála AE

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 930 final.

Faoi iamh: COM(2023) 930 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.12.2023
COM(2023) 930 final

2023/0441 (CNS)

Togra le haghaidh

TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir (AE) 2015/637 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha agus Treoir (AE) 2019/997 lena mbunaítear Doiciméad Taistil Éigeandála AE

{SEC(2023) 930 final} - {SWD(2023) 940 final} - {SWD(2023) 941 final} -
{SWD(2023) 942 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Saoránaigh den Aontas atá ag taisteal chuig tríú tír nó ina gcónaí i dtríú tír nach bhfuil ionadaíocht inti do Bhallstát a náisiúntachta trí ambasáid nó consalacht, beidh siad i dteideal cosaint a fháil ó údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha aon Bhallstáit eile faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit sin. Déantar an ceart sin faoi shaoránacht an Aontais, a leagtar síos i dTreoir Maastricht, a leagan amach in Airteagal 20(2)(c) agus 23 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus in Airteagal 46 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

Gné sheachtrach de shaoránacht den Aontas is ea an ceart sin, atá ar cheann de na tairbhí praiticiúla a ghabhann le saoránacht den Aontas, agus atá ina shampla inbhraite den dlúthpháirtíocht Eorpach. Cosnaíonn sé saoránaigh den Aontas a bhfuil cúnaimh de dhíth orthu i dtríú tír nach ndéanann Ballstát a náisiúntachta ionadaíocht dóibh inti, i ngeall ar thimpiste nó breoiteacht thromchúiseach, mar shampla, nó toisc gur íospartaigh choireachta iad nó gur chaill siad doiciméid taistil.

An 20 Aibreán 2015 ghlac an Chomhairle Treoir (AE) 2015/637 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha¹, lena n- ionadaítear an creat idir- rialtasach lena rialáilte an chosaint chonsalach². Bhí 3 bliana ag na Ballstáit, go dtí mí na Bealtaine 2018, chun an Treoir a chur chun feidhme sa reachtaíocht náisiúnta³.

Le clár oibre an Choimisiúin 2021⁴ fógraíodh athbhreithniú ar rialacha an Aontais maidir le cosaint chonsalach chun feabhas a chur ar ullmhacht agus inniúlacht an Aontais agus na mBallstát saoránaigh den Aontas a chosaint agus tacaíocht a thabhairt dóibh tráth géarchéime. Leis an athbhreithniú sin, neartófaí ról tacaíochta an Aontais agus bhainfí an leas ab fhearr ab fhéidir as líonra uathúil thoscaireachtaí an Aontais.

Ina theannta sin, sa Teachtaireacht uaidh tar éis na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, gheall an Coimisiún go ndéanfaidh sé réimsí nua gníomhaíochta a mheas amhail an '*[ts]aoránacht Eorpach a dhéanamh níos inlámhsithe do shaoránaigh, lena n- áirítear trí na cearta a ghabhann léi a neartú agus trí fhaisnéis iontaofa a bhfuil teacht éasca uirthi a sholáthar*'⁵.

1 Treoir (AE) 2015/637 ón gComhairle an 20 Aibreán 2015 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha agus lena n- aisghairtear Cinneadh 95/553/CE (IO L 106, 24.4.2015, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2015/637/oj>).

2 Cinneadh 95/553/CE ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 19 Nollaig 1995 maidir le cosaint do shaoránaigh den Aontas Eorpach ag ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha (IO L 314, 28.12.1995, lch. 73, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1995/553/oj>).

3 Airteagal 17(1) den Treoir.

4 [COM\(2020\) 690 final](#).

5 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiúin: An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa –

Leis an gCompás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint – D’Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a chuireann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta, arna ghlacadh ag an gComhairle i mí an Mhárta 2022⁶, fógraíodh go ‘[nd]éanfar sásraí freagartha géarchéime SEGS, ár dtacaíocht chonsalach agus ár slándáil allamuigh a athbhreithniú agus a neartú freisin chun cúnamh níos fearr a thabhairt do na Ballstáit ina gcuid iarrachtaí chun a saoránaigh a chosaint agus a tharrtháil thar lear, agus chun tacú lenár dToscaireachtaí Aontais nuair is gá dóibh pearsanra a aslonnú’⁷.

Mar a luaitear sa tuarascáil ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2022 maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2015/637⁸, ón gComhairle tá méadú ag teacht ar mhinicíocht agus ar scála na ngéarchéimeanna a mbíonn iarrataí ar chosaint chonsalach mar thoradh orthu. D’fhág paidéim COVID- 19 (nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe i dtéarmaí scála agus castachta), an ghéarchéim san Afganastáin, cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, an choinbhleacht sa tSúdáin, na haisdúichithe ó Iosrael agus ó Ghaza agus géarchéimeanna comhchosúla eile go rabhthas in ann bearnaí a shainaithint agus machnamh a dhéanamh ar conas an ceart chun cosanta consalaí ag saoránaigh den Aontas a neartú.

I bhfianaise a bhfuil thuas, beartaíonn an Coimisiún Treoir (AE) 2015/637 a leasú d’fhonn feabhas a chur ar na bearta comhordaithe agus comhair is gá chun cosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas agus iad a neartú.

Chun feabhas a chur ar dheimhneacht dhlíthiúil d’údaráis chonsalacha agus do shaoránaigh, beartaíonn an Coimisiún soiléiriú a dhéanamh ar an gcás ina bhfuil saoránach den Aontas le breithniú a bheith ‘gan ionadaíocht’ agus i dteideal dá réir sin cosaint chonsalach a fháil ó údaráis chonsalacha Ballstát eile. Ba cheart a áirithiú le hathruithe ar Threoir (AE) 2015/637 go ndéanfar an comhar idir údaráis chonsalacha, le tacaíocht ó thoscaireachtaí an Aontais, a chuíchóiriú.

Chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as líonra thoscaireachtaí an Aontais, go háirithe i dtríú tíortha nach bhfuil láithreach ag mórán Ballstát iontu, breithníonn an Coimisiún gur cheart a gcúraimí a shoiléiriú agus a ról tacaíochta a fheabhsú, go háirithe i réimse na hullmhachta i gcomhair géarchéimeanna agus na freagartha i gcás géarchéime. Sa réimse sin, foráiltear leis an togra go dtarraingeofar suas comhphleananna teagmhasacha consalacha mar a thugtar orthu (dá ngairtear freisin ‘Comhchreataí Consalacha an Aontais um Ullmhacht i gcomhair Géarchéimeanna’) i gcás gach tríú tír chun an fhreagairt d’aon ghéarchéim chonsalach a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo a éascú. Ina theannta sin, leis an togra déantar foráil maidir le himscaradh féideartha comhfoirne consalacha mar a thugtar orthu, is iad sin, foirne ildisciplíneacha deonacha ar saineolaithe consalacha ó na Ballstáit agus ó institiúidí an

Gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh den fhís ([COM\(2022\) 404 final agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis](#)).

6 [ST 7371/22](#).

7 Mar fhreagairt dó sin, cruthaíodh Lárionad SEGS um Fhreagairt i gcás Géarchéime i mí Iúil 2022 mar bhuanacmhainn freagartha géarchéime ag SEGS lena ndéantar idirchaidreamh le cealla géarchéime na mBallstát, institiúidí an Aontais agus chomhpháirtithe an Aontais.

8 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2015/637 ón gComhairle an 20 Aibreán 2015 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha agus lena n- aisghairtear Cinneadh 95/553/CE ([COM\(2022\) 437 final](#)).

Aontais iad na baill foirne iontu, chun tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí consalacha áitiúla Ballstát tráth géarchéime a d'fhéadfadh a bheith ar bheagán ball foirne⁹.

Beartaíonn an Coimisiún freisin feabhas a chur ar an sreabhadh faisnéise idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais agus ar an bhfaisnéis a sholáthraítear do shaoránaigh den Aontas, d'fhonn caoi a thabhairt dóibh cinntí taistil a dhéanamh a bhfuil bonn eolais níos fearr fúthu.

Ar deireadh, beartaíonn an Coimisiún cuíchóiriú a dhéanamh ar na forálacha maidir le haisíocaíochtaí airgeadais costas a ghabhann le cosaint chonsalach a sholáthar. Amach anseo, ba cheart na Ballstáit a bheith i dteideal aisíocaíocht a iarraidh go díreach ar an saoránach lena mbaineann chun nósanna imeachta fada maorlathacha a sheachaint. Ina theannta sin, ba cheart toscaireachtaí an Aontais a bheith i dteideal aisíocaíochtaí airgeadais a fháil freisin má thacaíonn siad le soláthar na cosanta consalaí do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Ba cheart na nósanna imeachta airgeadais nua sin a bheith infheidhme freisin i gcomhthéacs Threoir (AE) 2019/997¹⁰, lena leagtar síos rialacha maidir leis na coinníollacha agus an nós imeachta i dtaca le saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha chun go bhféadfaidís Doiciméad Taistil Éigeandála AE ('DTÉ AE') a fháil agus lena mbunaítear formáid aonfhoirmeach le haghaidh an doiciméid sin.

Feabhas a chur ar an gcosaint chonsalach do shaoránaigh den Aontas ar an gcoigríoch trí dhlúthpháirtíocht agus comhar an Aontais a threisiú sa réimse sin, áirithítear leis sin go leanfaidh saoránaigh den Aontas de bheith ag tairbhiú den cheart bunúsach sin de réir na gcaighdeán is airde, go háirithe tráth géarchéime.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Le hAirteagal 9(f) de Threoir (AE) 2015/637 tagraítear go sainráite d'eisiúint doiciméad taistil éigeandála den sórt sin. Áirithítear leis an togra seo go leanfaidh Treoir (AE) 2015/637 agus na rialacha sonracha is infheidhme maidir le DTÉna AE dá bhforáiltear le Treoir (AE) 2019/997 de bheith ailínithe.

Leis an togra seo áirithítear freisin comhsheasmhacht le Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle¹¹, lena sainítear sainordú toscaireachtaí an Aontais. De réir Airteagal 5(10) den Chinneadh sin, tá toscaireachtaí an Aontais, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 35 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus arna iarraidh sin do na Ballstáit, le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit ina gcaidrimh taidhleoireachta agus ina ról chun cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh den Aontas i dtríú tíortha ar bhonn neodrach ó thaobh acmhainní de.

Tá tagairtí i dTreoir (AE) 2015/637 do Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta¹², a úsáidtear chun tacaíocht cosanta sibhialta a sholáthar d'iarrachtaí cúnaimh chonsalaigh.

9 Féach freisin an Uachtaránacht Chomhpháirteach agus páipéar SEGS maidir le Comhfhóirne Consalacha ([ST 13619/20](#)).

10 Treoir (AE) 2019/997 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Doiciméad Taistil Éigeandála AE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 96/409/CBES (IO L 163, 20.6.2019, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/997/oj>).

11 Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2010/427/oj>).

12 Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2013/1313/oj>).

Áirithítear leis an togra go mbeidh Treoir (AE) 2015/637 agus na rialacha maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta ailínithe go hiomlán le chéile, lena n- áirítear i bhfianaise na taithí a fuarthas ar phaindéim COVID- 19 agus ar éigeandáil chonsalach 2021 san Afganastáin.

Chun cur chun feidhme praiticiúil an chirt chun cosanta consalaí a áirithiú, leanann an tAontas den chaibidlíocht ar chuimsiú clásal cosanta consalaí, mar a thugtar orthu, i gcomhaontuithe idirnáisiúnta chun go ligfear ar ceal an oibleagáid, dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Choinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Consalachta 1963¹³, ar Bhallstáit a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu fógra faoi sholáthar na cosanta consalaí a thabhairt don tríú tír ina bhfuil saoránach den Aontas nach bhfuil ionadaíocht aige lonnaithe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo comhsheasmhach le beartais a bhaineann le cosaint shibhialta agus freagairt i gcás géarchéime.

2. **BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

- **Bunús dlí**

Leasófaí Treoir (AE) 2015/637 leis an treoir bheartaithe. Dá réir, tá an bunús dlí céanna aige leis an Treoir sin, is é sin Airteagal 23 CFAE. De bhun an dara mír den fhoráil sin, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, treoracha a ghlacadh lena mbunófar na bearta comhordaithe agus comhair is gá chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu. Tá feidhm ag an bhforáil sin maidir leis na Ballstáit uile.

Is é is aidhm do leasuithe an togra seo feabhas a chur ar na bearta is gá chun soláthar na cosanta consalaí a éascú do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu, ar bearta iad dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2015/637.

- **Coimhdeacht**

Tá gné thrasteorann, faoi mar a thuigfí aisti, i gceist leis an gcosaint chonsalach do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu, i bhfianaise gur ceart saoránachta AE atá inti a fheidhmítear trí bhíthin údaráis Ballstát nach iad Ballstáit náisiúntachta duine.

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra seo, is é sin feabhas a chur ar fheidhmiú an chirt ag saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a leagtar amach i bpointe (c) d'Airteagal 20(2) CFAE, a bhaint amach go héifeachtach ina n- aonar, ó tharla go bhfuil gá le leasuithe ar fhorálacha áirithe de Threoir (AE) 2015/637 chun a leithéid a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

Mura ndéanfaí gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, ní chuirfí rialacha Threoir (AE) 2015/637 in oiriúint chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a shaináithnítear ina gcur i bhfeidhm. Ina theannta sin, ní chuirfí an taithí a fuarthas le linn géarchéimeanna consalacha le déanaí san áireamh sna rialacha. Dá thoradh sin, ní bheadh saoránaigh den Aontas in ann a gceart chun cosanta consalaí a fheidhmiú a mhéid ab fhéidir trí ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

13 Le fáil ag: https://legal.un.org/ilc/texts/instruments/english/conventions/9_2_1963.pdf

- **Comhréireacht**

Is féidir cuspóirí an togra seo a bhaint amach trí bhíthin leasuithe ar fhorálacha áirithe de Threoir (AE) 2015/637.

Agus é sin á dhéanamh, ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach, toisc nach n- athraíonn sé go bunúsach rialacha ná nósanna imeachta Threoir (AE) 2015/637 atá ann cheana. Go sonrach, ní bheartaítear leis nósanna imeachta breise a thabhairt isteach, ach féachann sé leis na cinn atá ann cheana a chuíchóiriú chun an t- ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú agus soláthar na cosanta consalaí a éascú. Leis an togra, mar shampla, cheadófaí do na Ballstáit chúnaimh costais a bhailiú, ar bhealach neamh- idirdhealaitheach, go díreach ó shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu, seachas aisíocaíocht a lorg ó Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh.

Is féidir teacht ar mhínithe breise a mhéid a bhaineann le comhréireacht na roghanna beartais éagsúla – lena n- áirítear na roghanna beartais nár coinníodh – sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo¹⁴.

- **An rogha ionstraim**

I gcomhréir leis an dara mír d’Airteagal 23 CFAE, is treoir í an ionstraim bheartaithe.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cuirtear san áireamh sa togra an plé i Meitheal na Comhairle um Ghnóthaí Consalachta, go háirithe na malartuithe tuairimí maidir le feidhmiú an chirt chun cosanta consalaí ag saoránaigh den Aontas i dtríú tíortha, a rinneadh tar éis an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2015/637 a ghlacadh¹⁵. Agus clabhsúr á chur ar an bplé sin, bhreithnigh Uachtaránacht na Comhairle go raibh raon feidhme ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir, go háirithe bunaithe ar an taithí a fuarthas ar ghéarchéimeanna consalacha le blianta beaga anuas.

Úsáideadh ceistneoir tiomnaithe i measc údaráis na mBallstát chun sonraí cainníochtúla a bhailiú maidir le reachtaíocht náisiúnta agus nósanna imeachta na mBallstát, a líonraí agus a sócmhainní consalacha, an chosaint chonsalach a sholáthraíonn siad, agus maidir lena mbealaí taistil agus a cumarsáide. Ina theannta sin, iarradh ar údaráis na mBallstát aiseolas cáilíochtúil a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2015/637, maidir le roghanna beartais féideartha, agus maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh ón bhfreagairt chonsalach do phaindéim COVID- 19.

Úsáideadh suirbhé ar líne le toscaireachtaí an Aontais chun go bhfaighfí a measúnú ar an gcás faoin *status quo* (lena n- áirítear tráth géarchéime, amhail thart ar an am a bhris COVID- 19 amach), a dtuairimí maidir le feidhmiú Threoir (AE) 2105/637, chomh maith lena dtuairimí maidir leis na roghanna beartais atá ar fáil.

14 SWD(2023) 941 final.

15 [ST 15876/22](#).

Le linn 2021, rinneadh agallaimh dhoimhne le toscaireachtaí an Aontais, le hionadaíochtaí na mBallstát agus le heagraíochtaí turasoireachta/easaoránachta i gcúig cinn de thríú tíortha roghnaithe¹⁶, agus le hoifigigh ó chomhlachtaí an Aontais a bhfuil ról tacaíochta acu i réimse na cosanta consalaí.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoin aiseolas a fuarthas a fháil sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Rinne an Coimisiún Flais- Eorabharaiméadar 485 maidir le Saoránacht agus Daonlathas an Aontais¹⁷ i ndáil le raon saincheistanna atá bainteach le saoránacht agus daonlathas an Aontais, a ndearnadh obair allamuigh sna Ballstáit i mí Feabhra/mí an Mhárta 2020 lena aghaidh. I measc nithe eile, d'fhiosraigh an suirbhé an tuiscint atá ag saoránaigh den Aontas ar na cearta a thugann saoránacht an Aontais dóibh, lena n- áirítear cosaint chonsalacht. Rinneadh suirbhé comhchosúil in 2023¹⁸.

Rinneadh comhairliúchán poiblí le haghaidh Thuarascáil 2020 ar Shaoránacht AE¹⁹ idir an 9 Iúil 2020 agus an 1 Deireadh Fómhair 2020 agus bhí ceistanna ann maidir le cosaint chonsalach. Tugadh tuairisc sa tuarascáil ar an iarracht aisdúichithe nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe, inar éirigh leis na Ballstáit, le tacaíocht ó ranna an Choimisiúin agus SEGS, níos mó ná leathmhíliún saoránach den Aontas ar fud an domhain a ndearna srianta taistil COVID-19 difear dóibh a aisdúichiú idir mí Feabhra agus mí na Bealtaine 2020. Measadh sa tuarascáil go raibh 76 % de shaoránaigh den Aontas, in 2020, feasach faoin gceart cúnaimh a lorg ó Bhallstáit eile, sa chás nach bhfuil ambasáid nó consalacht ag a mBallstát féin i dtríú tír.

Ina theannta sin, d'úsáid an Coimisiún an t- aiseolas poiblí a fuarthas mar chuid den phróiseas comhairliúcháin chun an anailís ar an measúnú tionchair a ullmhú.

Ar deireadh, bailíodh faisnéis agus rinneadh anailís uirthi i staidéar tiomnaithe a rinneadh thar ceann an Choimisiúin²⁰. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo.

- **Measúnú tionchair**

Mar a leagtar amach sa mheasúnú tionchair²¹, is é is cuspóir ginearálta don tionscnamh seo feabhas a chur ar fheidhmiú an chirt atá ag saoránaigh den Aontas, ar chríoch tríú tír nach bhfuil ionadaíocht inti ag an mBallstát ar náisiúnach de iad, cosaint a fháil ó údarais taidhleoireachta agus chonsalacha aon Bhallstáit faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

Bhainfí sin amach trí na cuspóirí sonracha seo a leanas: (i) deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú do shaoránaigh den Aontas maidir le raon feidhme an chirt chun cosanta consalaí; (ii) ról shoiléire agus sásraí comhordaithe agus comhair idir na Ballstáit agus toscaireachtaí an

16 Cóna Ríce, an Aetóip, Fidsí, Montainéagró agus an Rúis.

17 [Flais-Eorabharaiméadar 485](#): Saoránacht agus Daonlathas an Aontais; Mí Feabhra/mí an Mhárta 2020.

18 [Flais-Eorabharaiméadar 528](#): Saoránacht agus daonlathas, mí Aibreáin/mí na Bealtaine 2023.

19 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Tuarascáil 2020 ar Shaoránacht den Aontas - Saoránaigh a chumhachtú agus a gcearta a chosaint ([COM\(2020\) 730 final](#)).

20 [Staidéar a thacaíonn leis an measúnú tionchair](#), lena n- áirítear [na hiarscríbhinní a ghabhann leis](#).

21 SWD(2023) 941 final.

Aontais a áirithiú, lena n- áirítear tráth géarchéime; (iii) feabhas a chur ar an soláthar faisnéise do shaoránaigh den Aontas (nach bhfuil ionadaíocht acu) agus ar an gcumarsáid leo; agus (iv) éifeachtúlacht agus úsáid nósanna imeachta aisíocaíochta airgeadais a mhéadú.

Leis an measúnú tionchair, rinneadh scrúdú ar roinnt rogha beartais le haghaidh gach cuspóra shonraigh ina bhfuil raon beart féideartha chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna.

Leis na roghanna a breithníodh faoin gcéad chuspóir, féachtar lena áirithiú go ndéanfar an sainmhíniú ar ‘shaoránach nach bhfuil ionadaíocht aige’ a shoiléiriú agus go gcuirfeadh feabhas air ionas nach amhlaidh, i gcás saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu, nach dtabharfar cúnamh dóibh ar bhonn léirmhíniú nó measúnú mícheart ar an gcás ag na Ballstáit nó ag toscaireachtaí an Aontais. Tá bearta ‘boga’ i rogha beartais 1(a), agus tá athruithe reachtacha i rogha beartais 1(b) chun an sainmhíniú agus raon feidhme pearsanta Threoir (AE) 2015/637 a shoiléiriú. Is é atá i rogha beartais 1(c) tabhairt isteach ‘toimhde neamhionadaíochta’, ar toimhde nua í.

Faoin dara cuspóir sonrath, rinne an measúnú tionchair scrúdú ar roghanna lena dtugtar aghaidh ar fhadhbanna a bhaineann leis na príomhchoincheapa agus na príomhphróisis ar tríothu a idirghníomhaíonn na Ballstáit agus toscaireachtaí an Aontais chun cúnamh consalach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Maidir le líonraí comhair chonsalaigh áitiúil, is é atá i rogha beartais 2(a) bearta boga chun struchtúr níos fearr a thabhairt do na freagrachtaí éagsúla i líonraí den sórt sin. Beartaítear le rogha beartais 2(b) go sannfar ról an chathaoirligh ar chruinnithe comhair áitiúil do thoscaireachtaí an Aontais. Is é atá i rogha beartais 2(c) leasuithe reachtacha lena sainítear sannadh cúraimí soiléire, sna comhphleananna teagmhasacha consalacha, do na gníomhaithe éagsúla atá páirteach iontu, agus lena ndéantar athbhreithniú ar an gcoincheap ‘Stát Treorach’. Beartaítear léi freisin go n- áireofar pleananna den sórt sin agus comhfhoirne consalacha mar a thugtar orthu i dTreoir (AE) 2015/637. Is é atá i rogha beartais 2(d) leasuithe dlíthiúla chun ról tacaíochta thoscaireachtaí an Aontais a shoiléiriú, go háirithe trína ailíniú le Cinneadh SEGS. Is é atá i rogha beartais 2(e) leasuithe dlíthiúla lena ndéanfaidh iniúlachtaí nua do thoscaireachtaí an Aontais a chuireann ar a gcumas dóibh cosaint chonsalach dhíreach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha nach gcumhdaítear, arna iarraidh sin don saoránach.

Tugann roghanna lena saothraítear an tríú cuspóir sonrath aghaidh ar phríomhspreagthaí na bhfadhbanna cumarsáide le saoránaigh: (i) na fadhbanna a bhaineann le soláthar faisnéise ag na Ballstáit agus ag an Aontas agus (ii) an easpa faisnéise maidir le saoránaigh atá ag taisteal nó ina gcónaí ar an gcoigríoch. Maidir leis an gcéad saincheist, is é atá i rogha beartais 3(a) leasuithe dlíthiúla lena ngabhann ceanglais nua maidir le soláthar faisnéise, agus is é atá i rogha beartais 3(b) bunú tairseach AE um chomhairle taistil. Maidir leis an dara saincheist, moltar le rogha beartais 3(c) go ndéanfar feachtas cumarsáide uile- Aontais, agus cheanglófaí le rogha beartais 3(d) ar na Ballstáit bearta a chur chun cinn lena gcuirfeadh ar a gcumas do shaoránaigh den Aontas údarais náisiúnta a chur ar an eolas/é a chur ar taifead go bhfuil siad ag taisteal nó ina gcónaí ar an gcoigríoch.

Ar deireadh, is é is aidhm do na roghanna faoin gceathrú cuspóir sonrath laghdú a dhéanamh ar chastacht agus neamhéifeachtacht nósanna imeachta aisíocaíochta d’fhonn a n- úsáid a mhéadú agus dlús a chur leis na próisis chun leasa saoránach den Aontas agus na mBallstát. Is é atá i rogha beartais 4(a) bearta boga chun an próiseas a shoiléiriú agus oiliúint a sholáthar do na Ballstáit, agus is é atá i rogha beartais 4(b) leasuithe dlíthiúla chun feabhas a chur ar na

nósanna imeachta agus iad a leathnú chuig toscaireachtaí an Aontais chun a áirithiú go gcomhlíonfar an ceanglas maidir le neodracht costais dá bhforáiltear i gCinneadh SEGS.

Bunaithe ar an anailís a leagtar amach sa mheascán tionchair, is iad na roghanna beartais sonracha seo a leanas atá sa mheascán roghanna ab fhearr: 1(b), sainmhíniú agus raon feidhme pearsanta Threoir (AE) 2015/637 a shoiléiriú, 2(b), ról an chathaoirligh ar chruinnithe comhair áitiúil a shannadh do thoscataireachtaí an Aontais, 2(c), cúraimí soiléire a shannadh, sna comhphleananna teagmhasacha consalacha, do na gníomhaithe éagsúla atá páirteach iontu, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcoincheap ‘Stát Treorach’, 2(d), ról tacaíochta thoscataireachtaí an Aontais a shoiléiriú, 3(a), soláthar faisnéise, 3(d), bearta a chur chun cinn lena gcuirtear ar a gcumas do shaoránaigh den Aontas a chur in iúl/ar taifead go bhfuil siad ag taisteal nó ina gcónaí ar an gcoigríoch, agus 4(b), feabhas a chur ar nósanna imeachta airgeadais.

Na príomhthairbhí a bhaineann leis an meascán roghanna ab fhearr is ea méadú ar choimirciú agus éifeachtacht an chirt bhunúsaigh chun cosanta consalaí ag saoránaigh den Aontas faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit a sholáthraíonn cúnaimh. Baintear é sin amach trí nósanna imeachta a shoiléiriú agus deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú le haghaidh na mBallstát agus thoscataireachtaí an Aontais. Ar thairbhí eile, áirítear cumarsáid fheabhsaithe le saoránaigh den Aontas trí rochtain éascaithe ar fhaisnéis iontaofa agus taifeadadh méadaithe ar thaisteal agus cónaitheacht saoránach ar an gcoigríoch. Tá coigiltis bheaga agus éifeachtúlachtaí i gceist leis na bearta ab fhearr freisin le haghaidh riaracháin náisiúnta, agus sábháil saoránaigh den Aontas am agus is lú an t- ualach a bheidh orthu.

Tá costais na rogha beartais ab fhearr an- teoranta agus is iad na Ballstáit agus an tAontas a íocann iad, lena n- áirítear toscataireachtaí an Aontais.

An 6 Iúil 2023 d’eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála ‘tuairim dhearfach a raibh roinnt agus léi’ maidir leis an dréachtmheascán tionchair a cuireadh isteach²².

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níor sainaitníodh aon tionchar sonracha ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide le linn don togra seo a bheith á ullmhú. I gcomhréir leis an bprionsabal ‘digiteach mar réamhshocrú’, déanann an togra foráil maidir le soláthar faisnéise i bhfoirm mheaisín- inléite chun próiseáil uathoibríoch a éascú.

- **Ceartha bunúsacha**

Leis an togra seo déantar an ceart bunúsach chun cosanta taidhleoireachta agus consalaí atá ag saoránaigh den Aontas, a ráthaítear le hAirteagal 20(2)(c) agus Airteagal 23 CFAE agus le hAirteagal 46 den Chairt, a chur chun feidhme.

A mhéid a neartaíonn sé ról agus feidhmiú thoscataireachtaí an Aontais chun tacú le soláthar na cosanta consalaí, tá tionchar díreach agus tairbheach ag an togra seo ar chur i bhfeidhm Airteagal 41 den Chairt, ina bhfuil an ceart bunúsach ag saoránaigh den Aontas go láimhseáil institiúidí an Aontais agus comhlachtaí eile an Aontais a ngnóthaí go cóir, go trédhearcach agus go héifeachtach.

Déanann an togra seo difear freisin d’Airteagal 7 den Chairt maidir le meas ar an saol príobháideach agus d’Airteagal 8 maidir leis an gceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a

22 SEC(2023) 930.

chosaint. Próiseáil sonraí pearsanta saoránach, lena n- áirítear bailiú, rochtain agus úsáid sonraí pearsanta, bíonn tionchar ag an bpróiseáil sin ar an gceart chun príobháideachais agus ar an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint faoin gCairt. Ní mór údar cuí a bheith leis chun cur isteach ar na cearta bunúsacha sin²³. Maidir leis an gceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint, lena n- áirítear slándáil sonraí, tá feidhm ag rialacha ábhartha an Aontais²⁴. Níl aon mhaolú ar chóras cosanta sonraí an Aontais beartaithe. Ní mór do na Ballstáit rialacha, coinníollacha agus coimircí soiléire a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí an Aontais.

Trí fhoráil thiomnaithe a chur leis, d'áirítheodh an togra seo freisin an ceart chun leighis éifeachtaigh (Airteagal 47 den Chairt).

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá impleachtaí ag an togra seo i dtéarmaí costas riaracháin don Choimisiún agus do thoscaireachtaí an Aontais. Dhéanfaí costais athfhillteacha teoranta foirne agus caiteachas riaracháin eile a chumhdach faoin gceannteideal buiséadach ‘Caiteachas Riaracháin’.

Mínítear an tionchar airgeadais agus an tionchar buiséadach go mionsonraithe sa ráiteas airgeadais reachtach atá i gceangal leis an togra seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá sé tábhachtach cur chuige réalaíoch a ghlacadh i leith faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir (AE) 2015/637 arna leasú agus gan ró- ualach a chur ar údarais chonsalacha náisiúnta. Iarrtar ar na Ballstáit faisnéis maidir le líon teoranta príomhtháscairí a sholáthar don Choimisiún ar bhonn bliantúil.

Tar éis 8 mbliana, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar Threoir (AE) 2015/637 arna leasú leis an togra agus foilseoidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí.

- **Doiciméid mhíniúcháin**

Chun cur chun feidhme cuí na Treorach seo a áirithiú, tá gá le doiciméid mhíniúcháin i bhfoirm táblaí comhghaoil.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In Airteagal 1 tá na leasuithe seo a leanas ar Threoir (AE) 2015/637 (d’fhanfadh na forálacha eile gan athrú):

23 Féach, mar shampla, breithiúnas an 17 Deireadh Fómhair 2013, *Schwarz*, C-291/12, EU:C:2013:670.

24 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>) agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

Airteagal 6: Leis an hathruithe ar an Airteagal sin, féachtar le soiléiriú a dhéanamh ar an gcás nach bhfuiltear le breithniú go bhfuil ionadaíocht ag Ballstát i dtríú tír ó tharla nach bhfuil aon ambasáid nó consalacht aige inti atá go héifeachtach in inmhe cosaint chonsalach a sholáthar. Chun na críche sin, tugtar isteach mír nua, lena leagtar amach na critéir atá le cur san áireamh ag an ambasáid nó ag an gconsalacht óna lorgaíonn an saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige cosaint chonsalach chun a chinneadh an bhfuil aon ambasáid nó consalacht ag Ballstát atá go héifeachtach in inmhe cosaint chonsalach a sholáthar i gcás ar leith. Ba cheart na critéir sin a chur chun feidhme i bhfianaise imthosca áitiúla.

Soiléirítear le mír nua eile nach bhféadfar láithreach consail oinigh de chuid Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh a chur san áireamh ach amháin má chumhdaítear le hinniúlachtaí an chonsail oinigh an cúnaimh a iarrann an saoránach. Is amhlaidh sin ionas nach ndiúltófar cúnaimh do shaoránaigh faoi threoir consail oinigh nach bhfuil inniúil cúnaimh a thabhairt dóibh.

Airteagal 7: Forálacha maidir le fógra a thabhairt faoi shocruithe idir na Ballstáit, d'aistrefaí iad chuig Airteagal 13b, atá nuathugtha isteach, á ngrúpáil in éineacht le ceanglais eile maidir le fógra a thabhairt. Tugtar isteach mír nua lena gceadófaí do Bhallstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu iarrataí ar chúnaimh a aistriú bunaithe ar an acmhainneacht atá ar fáil i gcásanna géarchéime. Is amhlaidh sin chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as na hacmhainní atá ar fáil i gcásanna den sórt sin.

Ar deireadh, féachann na hathruithe lena shoiléiriú go bhfuil iarratais le haistriú ag na húdaráis chonsalacha ar a dtrialhtar. Saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu agus a bhfuil cúnaimh á lorg acu, níor cheart a iarraidh orthu féin teagmháil a dhéanamh le Ballstát eile. Ina theannta sin, ba cheart saoránaigh a choimeád ar an eolas maidir le haistriú iarratas.

Airteagal 9: Cuirtear tagairt do ‘aslonnú’ isteach san Airteagal sin chun go gcumhdófar go cuimsitheach leis cásanna ina ndéantar saoránaigh den Aontas a tharrháil ó limistéir a ndéanann éigeandáil difear dóibh agus a aistriú chuig suíomh sábháilte, agus ní mór nach gá gurb í críoch Bhallstáit í, chomh maith le cásanna ina ndéantar saoránaigh den Aontas a aisdúichiú chuig críoch an Aontais. Ina theannta sin, cuirtear tagairt do Threoir (AE) 2019/997 in ionad na tagartha do Chinneadh 96/409/CBES²⁵, ina fhianaise gur aisghaireadh an Cinneadh leis an Treoir.

Airteagal 10: Cuirtear mír nua leis chun a shoiléiriú go bhféadfaidh na Ballstáit rannpháirt a thabhairt, ina mbearta comhordaithe agus comhair, do phearsanra slándála agus míleata, consail oinigh, eagraíochtaí idirnáisiúnta nó údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha tríú tíortha. Ina theannta sin, tugtar isteach an giorrúchán ‘SEGS’ i mír 4 i bhfianaise na n-athruithe ar Airteagal 7.

Airteagal 11: Leis na hathruithe ar an Airteagal sin, soiléirítear ról tacaíochta thoscaireachtaí an Aontais, go háirithe trí liosta a dhéanamh de na cúraimí is ábhartha sa chomhthéacs sin. Le mír 2, ar mír nua í a thugtar isteach, leagtar síos go bhfuil toscaireachtaí an Aontais le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit cosaint chonsalach a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 5(10) de Chinneadh SEGS, is é sin, arna iarraidh sin do na Ballstáit agus ar bhonn

25 Cinneadh 96/409/CBES ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 25 Meitheamh 1996 maidir le doiciméad taistil éigeandála a bhunú (IO L 168, 6.7.1996, lch. 4, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1996/409/oj>).

neodrach ó thaobh acmhainní de, lena n- áirítear trí chúraimí sonracha cúnaimh chonsalaigh a sholáthar.

Airteagal 12: Dhéanfaí rialacha maidir le comhar consalach áitiúil a shoiléiriú, go háirithe trí liosta a dhéanamh de na topaicí a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu ag cruinnithe comhair chonsalaigh áitiúil.

Airteagal 13: Dhéanfaí an tAirteagal sin a dheighilt ina dhá chuid, agus dhíreodh Airteagal 13 ar ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus dhíreodh Airteagal 13a, a bheadh nuachurtha leis, ar an bhfreagairt i gcás géarchéime. Laistigh d'Airteagal 13, bunaítear comhphleananna teagmhasacha consalacha mar an phríomhionstraim le haghaidh ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, in éineacht le cleachtaí consalacha bliantúla chun iad a thástáil.

Le mír nua, cheanglófaí ar na Ballstáit an deis a thabhairt dá saoránaigh a chur in iúl d'údarais náisiúnta inniúla go bhfuil siad ag taisteal chuig tríú tíortha nó ina gcónaí iontu nó an taisteal nó an chónaitheacht sin a chhlárú leo. Tá sé sin ceaptha feabhas a chur ar an bhfaisnéis atá ar fáil maidir le líon measta agus suíomh na saoránach den Aontas atá i láthair i dtríú tír chun críoch ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna agus freagartha i gcás géarchéime. Bheadh sé ní b'fhusa freisin teagmháil a dhéanamh le saoránaigh a ndéanann cás géarchéime difear dóibh.

Ar deireadh, ba ghá do na Ballstáit iarrachtaí a dhéanamh athruithe ar a gcomhairle taistil a chomhordú ag luathchéim, go háirithe i gcomhthéacs cásanna géarchéime.

Airteagal 13a: Tá an tAirteagal nua sin bunaithe ar mhíreanna 2-4 d'Airteagal 13 de Threoir (AE) 2015/637. Forálacha maidir le 'foirne idirghabhála ar leibhéal an Aontais' a bhí le fáil roimhe seo in Airteagal 13(2), leathnaítear iad chun aghaidh a thabhairt ar chur in úsáid féideartha comhfhoirne consalacha, ar cheart na Ballstáit a bheith rannpháirteach iontu ar bhonn deonach.

Airteagal 13b: Leis an Airteagal nua sin, comhdhlúthaítear na ceanglais éagsúla maidir le fógra a thabhairt atá le fáil cheana féin i dTreoir (AE) 2015/637. Ina theannta sin, cheanglófaí ar na Ballstáit sonraí staidrimh teoranta a sholáthar chun feabhas a chur ar an bhfaireachán ar an Treoir. I gcás inar gá, ba cheart na sonraí sin a sholáthar i bhfoirm mheaisín- inléite.

Airteagal 13c: Foráiltear leis an Airteagal nua sin gur cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun saoránaigh a chur ar an eolas faoina gceart chun cosanta consalaí mar a leagtar amach i bpointe (c) d'Airteagal 20(2) CFAE. Chuige sin, liostaítear san Airteagal sin samplaí de bhearta a d'fhéadfaí a dhéanamh sa chomhthéacs sin, amhail an chéad abairt d'Airteagal 23 CFAE maidir le pasanna náisiúnta a atáirgeadh mar atá molta cheana féin le Moladh C(2007) 5841 ón gCoimisiún²⁶. Ba cheart do ranna an Choimisiúin agus SEGS rannchuidiú leis na hiarrachtaí sin.

Airteagal 14: Dhéanfaí na rialacha maidir le haisíocaíocht na gcostas cosanta consalaí a oiriúnú chun go bhforálfai leo go bhfuil na costais sin le haisíoc go príomha agus go díreach ag an saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige a dtugtar cúnaimh dó, nuair a dhéanann sé an iarraidh nó ag céim níos déanaí. I gcás nach ndéanfar an aisíocaíocht sin agus sa chás sin amháin, ba cheart don Bhallstát cúnaimh teagmháil a dhéanamh leis an mBallstát

26 Moladh C(2007) 5841 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2007 maidir le téacs Airteagal 20 CFAE a atáirgeadh i bpassanna (IO L 118, 6.5.2008, lch. 30, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2008/355/oj>).

náisiúntachta le haghaidh aisíocaíochta. Ar deireadh, cuirtear mír thiomnaithe leis ionas go mbunófar na rialacha maidir le haisíocaíocht costas arna n- íoc ag toscaireachtaí an Aontais agus iad ag tacú leis na Ballstáit.

Airteagail 15: Leis na hathruithe ar an Airteagal sin, áirithítear an t- ailíniú leis na hathruithe ar Airteagal 14. Ina theannta sin, foráiltear le mír nua go bhféadfadh Ballstáit a thugann cúnaimh do shaoránaigh a bhfuil ionadaíocht acu i gcásanna géarchéime a iarraidh go n- aisíocfar costais freisin, ós rud é go bhféadfadh sé nach féidir nó nach mbeidh sé indéanta go praiticiúil iad a idirdhealú ó shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu i gcásanna géarchéime. Is amhlaidh sin chun laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin a bheadh ann dá mba ghá dhá nós imeachta éagsúla a chur i bhfeidhm. Oiriúnaítear an mhír dheireanach chun a áirithiú go gcuirfear aisíocaíochtaí de bhun Threoir (AE) 2015/637 san áireamh agus aon ranníocaíocht ó Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta á cinneadh, i gcomhréir leis na forálacha airgeadais is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí den sórt sin.

Airteagal 15a: Baineann an tAirteagal nua sin leis an nós imeachta coiste is infheidhme maidir le glacadh gníomhartha cur chun feidhme mar a fhoráiltear le hAirteagail 13b(4) agus 14(6).

Airteagal 16a: San Airteagal nua seo tá na rialacha is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun cosaint chonsalach a sholáthar, lena n- áirítear catagóirí speisialta sonraí pearsanta, i gcás inar gá i ngeall ar chineál an cháis chonsalaigh, agus maidir le haistriú sonraí pearsanta chuig tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail cás ina n- eagraítear eitiltí aslonnaithe.

Airteagal 16b: Leis an Airteagal nua seo, cuirtear chun feidhme an ceart bunúsach chun leighis éifeachtaigh i gcomhthéacs cosanta consalaí.

Airteagal 19: Cuirtear mír nua leis an Airteagal sin chun foráil a dhéanamh maidir le meastóireacht ar Threoir (AE) 2015/637 8 mbliana tar éis thrasú na leasuithe.

In Airteagal 2 tá na leasuithe seo a leanas ar Threoir (AE) 2019/997:

Airteagal 5: An tagairt san Airteagal sin d'fhorálacha airgeadais Threoir (AE) 2015/637, oiriúnaítear í i bhfianaise go n- oiriúnaíonn an togra seo uimhriú na míreanna in Airteagal 14 de Threoir (AE) 2015/637.

Togra le haghaidh

TREOIR ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir (AE) 2015/637 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha agus Treoir (AE) 2019/997 lena mbunaítear Doiciméad Taistil Éigeandála AE

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 23, an dara mír, de sin,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa¹,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir (AE) 2015/637 ón gComhairle², tugtar éifeacht don cheart a chumhdaítear in Airteagal 23, an chéad mhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus a athluaitear in Airteagal 46 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt) trí na bearta comhair agus comhordaithe is gá chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu a leagan síos.
- (2) Tá méadú ag teacht ar mhinicíocht agus ar scála na ngéarchéimeanna a mbíonn iarrataí ar chosaint chonsalach mar thoradh orthu. Sholáthair paidéim COVID- 19, an ghéarchéim san Afganastáin, cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, an choinbhleacht sa tSúdáin, na haisdúichithe ó Iosrael agus ó Ghaza agus géarchéimeanna comhchosúla eile comhthéacs chun bearnaí a shainnithint agus machnamh a dhéanamh ar conas feidhmiú an chirt chun cosanta consalaí a éascú a thuilleadh. Agus ceachtanna á bhfoghlaím ón taithí sin, agus chun nósanna imeachta a shimpliú do shaoránaigh agus d'údaráis chonsalacha, ba cheart rialacha agus nósanna imeachta Threoir (AE) 2015/637 a shoiléiriú agus a chuíchóiriú ionas go gcuirfead feabhas ar éifeachtacht sholáthar na cosanta consalaí do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu, go háirithe i gcásanna géarchéime. Ba cheart an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ar leibhéal an Bhallstáit agus an Aontais araon, go háitiúil i dtríú tíortha agus ar an leibhéal caipitiúil araon.

1 IO C [...], [...], lch. [...].

2 Treoir (AE) 2015/637 ón gComhairle an 20 Aibreán 2015 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha agus lena n- aisghairtear Cinneadh 95/553/CE (IO L 106, 24.4.2015, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2015/637/oj>).

- (3) Le Treoir (AE) 2015/637, sainmhínítear ‘saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige’ mar gach saoránach ar náisiúnach é de Bhallstát nach bhfuil ionadaíocht aici i dtríú tír. De bhun na Treorach sin, níl ionadaíocht ag Ballstát i dtríú tír mura bhfuil aon ambasáid nó consalacht bunaithe aige inti ar bhonn buan, nó mura bhfuil aon ambasáid, consalacht nó consal oinigh aige inti atá go héifeachtach in inmhe cosaint chonsalach a sholáthar i gcás ar leith. Ó tharla nach bhfuil critéir níos mionsonraithe i dTreoir (AE) 2015/637, tuigtear ón taithí a fuarthas roimhe seo go bhféadfadh sé gur deacair a chinneadh cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar an critéar deireanach sin. Dá dheasca sin, d’fhéadfadh na húdaráis chonsalacha ar a dtriallann saoránaigh a bhreithniú go mícheart go ndéanann Ballstát a náisiúntachta ionadaíocht dóibh agus cosaint chonsalach a dhiúltú dóibh dá réir.
- (4) Chun feabhas a chur ar dheimhneacht dhlíthiúil d’údaráis chonsalacha agus do shaoránaigh, is iomchuí critéir níos mionsonraithe a leagan síos a chabhraíonn lena mheasúnú an bhfuil saoránach den Aontas le breithniú a bheith ‘gan ionadaíocht’ agus i dteideal dá réir sin cosaint chonsalach a fháil ón mBallstát ar ar a údaráis chonsalacha a trialladh. Ba cheart na critéir sin a bheith solúbtha go leormhaith agus iad a chur chun feidhme i bhfianaise imthosca áitiúla, amhail fusacht taistil nó an staid slándála sa tríú tír lena mbaineann. Sa chomhthéacs sin, ba cheart inrochtaineacht agus gaireacht a bheith ina mbreithnithe tábhachtacha i gcónaí.
- (5) Mar chéad chritéar, ba cheart d’údaráis chonsalacha a chur san áireamh a dheacra atá sé do shaoránaigh dul chomh fada le ambasáid nó consalacht Bhallstát a náisiúntachta go sábháilte laistigh de thréimhse réasúnta ama, nó a dheacra atá sé don ambasáid nó don chonsalacht sin teacht orthu amhlaidh, agus cineál agus práinn an chúnamh a iarrtar agus na modhanna, go háirithe acmhainní airgeadais, atá ar fáil dóibh á gcur san áireamh. An gá le Doiciméad Taistil Éigeandála AE de thoradh cailteanas doiciméad taistil, mar shampla, is é ba cheart a bheith mar thoradh air sin, i bprionsabal, go mbreithneofaí an saoránach a bheith gan ionadaíocht dá mb’amhlaidh go mbeadh air taisteal thar oíche nó aerthaisteal a dhéanamh chun dul chomh fada le ambasáid nó consalacht Bhallstát a náisiúntachta, toisc nach féidir coinne a bheith lena thaisteal faoi imthosca den sórt sin.
- (6) Ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar an bhféidearthacht go mbeadh ambasáid nó consalacht Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh dúnta, go háirithe le linn cásanna géarchéime. I gcás nach mbeidh an ambasáid nó an chonsalacht óna lorgaíonn an saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige cosaint chonsalach in ann a dheimhniú, go tráthúil, go bhfuil ambasáid nó consalacht Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh oibríochtúil agus inrochtana, ba cheart a bhreithniú nach bhfuil ionadaíocht ag an saoránach.
- (7) Easpa ionadaíochta mar choincheap, ba cheart é a léirmhíniú d’fhonn éifeachtacht an chirt chun cosanta consalaí a áirithiú. I gcás inarb amhlaidh gur dócha go ndéanfaí dochar don chosaint chonsalach, tríd an saoránach a atreorú chuig ambasáid nó consalacht Bhallstát a náisiúntachta, go háirithe más gá, mar gheall ar phráinne an ábhair, gníomhaíocht láithreach ón ambasáid nó ón gconsalacht ar iarradh an chosaint uirthi, ba cheart breithniú ar an gcás sin freisin amhail is nach bhfuil ionadaíocht ag an saoránach. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcásanna géarchéime, i gcás ina bhféadfadh tionchar thar a bheith diúltach a bheith ag easpa cúnamh thráthúil ar an saoránach.
- (8) Ina fhianaise nach gcuireann consail oinigh an raon céanna seirbhísí le ambasáidí nó consalachtaí ar fáil de ghnáth, níor cheart láithreachtaidh consail oinigh de chuid Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh a chur san áireamh ach amháin chun a chinneadh an

bhfuil an saoránach gan ionadaíocht má chumhdaítear le hinniúlachtaí an chonsail oinigh an cúnaimh a iarrann an saoránach.

- (9) Tá saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu i dteideal cosaint a lorg ó ambasáid nó consalacht aon Bhallstáit. An tráth céanna, le Treoir (AE) 2015/637 tugtar an fhéidearthacht do na Ballstáit socrúithe déthaobhacha a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfar cosaint éifeachtach do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Níl na socrúithe sin ina réamhchoinníoll, áfach, chun cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Ba cheart a shoiléiriú, i gcásanna ina ndearnadh na comhaontuithe, gurb ar údarais an Bhallstáit ar a dtriallann an saoránach, agus ní ar an saoránach féin lena mbaineann, atá sé an t- iarratas a aistriú chuig an ambasáid nó an chonsalacht ábhartha.
- (10) I gcás ina mbeidh líon mór iarratas ar chosaint chonsalach mar thoradh ar chás géarchéime, ba cheart an fhéidearthacht a thabhairt d'ambasáidí agus consalachtaí na mBallstát a bhfuil ionadaíocht acu sa tríú tír lena mbaineann a chomhaontú go ndáilfear na hiarratais bunaithe ar an acmhainneacht atá ar fáil d'fhonn an úsáid is fearr a bhaint aisti sin. Chun na críche sin, féadfaidh toscaireachtaí an Aontais cúnaimh a thabhairt dóibh.
- (11) Níor cheart iarratais a aistriú dá ndéanfaí dochar don chosaint chonsalach dá dheasca, go háirithe má éilíonn práinne an ábhair gníomhaíocht láithreach ó ambasáid nó ó chonsalacht an Bhallstáit ar ar trialladh. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcásanna éigeandálaí leighis tromchúiseacha nó gabhálacha ar cosúil go bhfuil siad treallach. Ina theannta sin, ba cheart saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a choimeád ar an eolas maidir le haon aistriú den sórt sin.
- (12) Liostaítear in Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/637, go neamh- uileghabhálach, na cásanna is coitianta ina bhféadfaidh saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu cúnaimh consalach a lorg ó na Ballstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu. Ar chúiseanna soiléireachta dlíthiúla, ba cheart a shoiléiriú mar sin féin go gcumhdaítear leis na cineálacha cúnaimh idir aslonnaithe, is é sin, tarrtháil daoine ó limistéir a ndéanann éigeandáil difear dóibh agus a n- aistriú chuig suíomh sábháilte, a d'fhéadfadh a bheith sa tír chéanna nó i dtríú tír eile, agus aisdúichithe, is é sin, aistriú daoine chuig críoch na mBallstát.
- (13) I gcás ina mbeidh cosaint chonsalach á soláthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu, ba cheart do na Ballstáit riachtanais shonracha grúpaí leochaileacha a chur san áireamh, amhail mionaoisigh neamhthionlactha, mná torracha, daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, daoine faoi mhíchumas nó daoine aonair atá i mbaol a n- idirdhealaithe ar aon fhoras amhail iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt.
- (14) Is gá rochtain optamach ar cheartas a áirithiú do shaoránaigh den Aontas ar íospartaigh iad i dtríú tíortha, rud a éilíonn teagmháil agus comhar níos dlúithe idir údarais agus eagraíochtaí tacaíochta tríú tíortha agus údarais chonsalacha agus eagraíochtaí tacaíochta na mBallstát.

- (15) Ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart an tagairt do dhoiciméid taistil éigeandála a thabhairt cothrom le dáta tar éis ghlacadh Threoir (AE) 2019/997 n gComhairle³.
- (16) I gcás inarb iomchuí agus inar gá cosaint chonsalach a sholáthar, ba cheart na Ballstáit a bheith i dteideal freisin rannpháirt a thabhairt, ina mbearta comhordaithe agus comhair, do phearsanra slándála agus míleata, consail oinigh, eagraíochtaí idirnáisiúnta nó údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha tríú tíortha. D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha go háirithe i gcásanna géarchéime.
- (17) Le teagmhais a tharla le déanaí, cuireadh i dtreis an chaoi thábhachtach ar rannchuidigh toscaireachtaí an Aontais, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le cur chun feidhme an chirt chun cosanta consalaí. B'amhlaidh sin go háirithe i dtríú tíortha nach bhfuil ionadaíocht ach ag beagán Ballstát iontu, i gcásanna géarchéime, agus a mhéid a bhaineann le malartú faisnéise. Ina fhianaise sin, is iomchuí ról tacaíochta thoscaireachtaí an Aontais i gcur chun feidhme an chirt chun cosanta consalaí a shoiléiriú. Ar chúiseanna comhsheasmhachta agus comhleanúnachais gnó, ba cheart do thoscaireachtaí an Aontais a bheith ina gcathaoirligh ar chruinnithe comhair chonsalacha áitiúil, de ghnáth, agus a bheith i gceannas ar bhunú agus comhaontú comhphleananna teagmhasacha consalacha. Chun a áirithiú go gcomhordófar agus go dtabharfar cosaint éifeachtach do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu, ba cheart do thoscaireachtaí an Aontais páirt a ghlacadh freisin i gcomhordú freagartha i gcás géarchéime i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.
- (18) Leagtar amach le Treoir (AE) 2015/637 na modhanna praiticiúla trínar féidir le toscaireachtaí an Aontais, de bhun Airteagal 35 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), rannchuidiú le cur chun feidhme an chirt chun cosanta consalaí. I gcás ina mbeidh toscaireachtaí an Aontais ag tacú leis na Ballstáit cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu, ba cheart dóibh déanamh amhlaidh arna iarraidh sin do na Ballstáit agus ar bhonn neodrach ó thaobh acmhainní de, dá bhforáiltear in Airteagal 5(10) de Chinneadh 2010/427/AE ón gComhairle⁴. Sa chomhthéacs sin, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann freisin a iarraidh thoscaireachtaí an Aontais cúraimí sonracha cúnaimh chonsalacha a dhéanamh, lena n-áirítear iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/637. Chun go mbeidh siad in ann a gcúraimí tacaíochta a dhéanamh, ba cheart don Bhallstát cúnaimh nó, de réir mar a bheidh, don Bhallstát náisiúntachta an fhaisnéis ábhartha uile a sholáthar do thoscaireachtaí an Aontais.
- (19) Chun a áirithiú go mbeifear ullamh i gcomhair géarchéimeanna consalacha a d'fhéadfadh a bheith ann inar ghá cúnamh a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu, ba cheart a áireamh sa chomhar consalach áitiúil idir na Ballstáit agus toscaireachtaí an Aontais i dtríú tíortha malartuithe maidir le hábhair atá ábhartha do na saoránaigh sin, lena n-áirítear a slándáil agus a sábháilteacht, bunú comhphleananna teagmhasacha consalacha agus eagrú cleachtaí consalacha. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha go háirithe d'údaráis chonsalacha na mBallstát nach mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu go n-áireofar iad sa chomhar

3 Treoir (AE) 2019/997 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Doiciméad Taistil Éigeandála AE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 96/409/CBES (IO L 163, 20.6.2019, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/997/oj>).

4 Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrúchán agus oibriú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (IO L 201, 3.8.2010, lch. 30, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2010/427/oj>).

consalach áitiúil sin i gcás ina mbeidh ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus freagairt i gcás géarchéime á gcomhordú.

- (20) Tá ullmhacht chonsalach i gcomhair géarchéimeanna ina ceanglas fíor-riachtanach chun freagairt chonsalach éifeachtach i gcás géarchéime a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit, le tacaíocht ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), a áirithiú dá bhrí sin go bpléifear agus go gcuirfear chun feidhme i ngach tríú tír bearta leordhóthanacha ullmhachta consalaí maidir le cosaint a thabhairt do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu.
- (21) Léirigh géarchéimeanna roimhe seo a ábhartha atá an phleanáil theagmhasach agus a úsáidí atá comhphleananna teagmhasacha consalacha, dá ngairtear ‘Comhchreataí Consalacha an Aontais um Ullmhacht i gcomhair Géarchéimeanna’, i dtríú tíortha, ina bhfuil údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha gach Ballstáit rannpháirteach, chomh maith le toscaireacht áitiúil an Aontais. Ba cheart na pleananna sin a bheith saincheaptha d’imthosca áitiúla, ba cheart freagrachtaí a roinnt go soiléir leo idir na Ballstáit a mbeidh agus nach mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu agus toscaireacht an Aontais agus ba cheart tacar nósanna imeachta agus gníomhaíochtaí a áireamh iontu a bheidh le déanamh ar an leibhéal áitiúil i gcás géarchéime, agus aird shonrach á tabhairt ar an gcosaint chonsalach do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu.
- (22) Ba cheart éifeachtacht na mbeart comhordaithe atá ann cheana a leagtar amach i dTreoir (AE) 2015/637 a fheabhsú trí ullmhú agus nuashonrú bliantúil comhphleananna teagmhasacha consalacha a shainordú i ndáil le gach tríú tír, fiú má bhíonn leibhéal éagsúla mionsonraí acu ag brath ar imthosca áitiúla. Chun na críche sin, ba cheart eilimintí fíor-riachtanacha na bpleananna sin a bhunú, amhail anailís ar an staid chonsalach sa tríú tír lena mbaineann, lena n-áirítear measúnú riosca ar na cásanna is sochreidte a dhéanfaidh difear do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu, socruithe le haghaidh ullmhacht chonsalach i gcomhair géarchéimeanna, cumarsáid laistigh den chomhar consalach áitiúil agus le saoránaigh den Aontas, agus comhar le húdaráis áitiúla agus tríú tíortha ábhartha.
- (23) Ba cheart ról agus freagrachtaí Stát Treorach, is é sin, na Ballstáit a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu i dtríú tír ar leith atá i gceannas ar an gcúnamh do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a chomhordú agus a threorú le linn géarchéimeanna, a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí, chun comhordú éifeachtach cúnaimh chonsalaigh a áirithiú. Ina theannta sin, ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar chomhphleananna teagmhasacha consalacha go bliantúil i gcomhthéacs cleachtaí consalacha chun a n-ábharthacht leanúnach a áirithiú. An tráth céanna, níor cheart a thuiscint go gcuirtear comhphleananna teagmhasacha consalacha in ionad pleananna géarchéime náisiúnta na mBallstát atá ann cheana nó go ndéanann siad difear dá bhfreagracht as cúnamh consalach a sholáthar dá náisiúnaigh féin.
- (24) Líon agus suíomh measta saoránach den Aontas atá i láthair i dtríú tír, is faisnéis rithábhachtach í sin chun comhphlean teagmhasach consalach a ullmhú, go háirithe i gcás ina mbeidh gá le haslonnú nó aisdúichiú. Ina theannta sin, ba cheart saoránaigh den Aontas a bheith in ann faisnéis ábhartha a fháil ó Bhallstát a náisiúntachta i gcás géarchéime. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtabharfaidh na Ballstáit an deis dá saoránaigh a chur in iúl d’údaráis náisiúnta inniúla, trí mhodhanna agus uirlisí iomchuí, go bhfuil siad ag taisteal chuig tríú tíortha nó ina gcónaí iontu nó an taisteal nó an chónaitheacht sin a chlárú leo. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta maidir le cosaint sonraí

pearsanta, na catagóirí sonraí pearsanta a bhfuil gá leo agus tréimhsí coinneála na sonraí sin a leagan síos.

- (25) Le comhairle taistil, is é sin faisnéis arna heisiúint ag na Ballstáit maidir le sábháilteacht choibhneasta an taistil chuig tríú tíortha sonracha, cuirtear ar a gcumas do thaistealaithe cinneadh a bhfuil bonn eolais mhaith faoi a dhéanamh maidir le ceann sprice taistil áirithe, lena n-áirítear tríú tíortha nach mbeidh ionadaíocht á déanamh ar Bhallstát a náisiúntachta iontu. Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as comhairle taistil a eisiúint, is iomchuí go gcomhordú siad le chéile i dtaobh na topaice sin, go háirithe i gcomhthéacs cásanna géarchéime, d'fhonn a áirithiú, a mhéid is féidir, go mbeidh comhsheasmhacht sa leibhéal comhairle a thugtar. D'fhéadfaí a áireamh air sin comhaontú a dhéanamh maidir le struchtúr coiteann i ndáil leis na leibhéil riosca a shonraítear sa chomhairle taistil, agus úsáid á baint as ardán slán SEGS. I gcás inar féidir, ba cheart an comhordú sin a dhéanamh ag luathchéim i gcás ina mbeidh na Ballstáit ag beartú leibhéal a gcomhairle taistil a athrú.
- (26) Tá comhordú éifeachtúil ríthábhachtach chun freagairt éifeachtach i gcás géarchéime a áirithiú. Chun an comhordú sin a áirithiú, ba cheart do Lárionad SEGS um Fhreagairt i gcás Géarchéime agus do Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha an Choimisiúin tacaíocht a thabhairt. Tá tábhacht ar leith le freagairt chomhordaithe an Aontais i gcás géarchéime i gcásanna ina bhfuil gá le haslonnú chun a áirithiú go soláthrófar go héifeachtach an tacaíocht atá ar fáil, agus go mbainfear an úsáid is fearr as na hacmhainneachtaí aslonnaithe atá ar fáil. Ar an gcúis sin, ba cheart faisnéis maidir leis an acmhainneacht aslonnaithe atá ar fáil a roinnt go tráthúil, lena n-áirítear i gcás oibríochtaí tarrthála agus aslonnaithe ina n-úsáidtear sócmhainní míleata.
- (27) Chuir paindéim COVID- 19 i dtábhacht gur gá do na Ballstáit oibriú i gcomhar le chéile agus tacú le chéile i gcomhthéacs foirne géarchéime ildisciplíneacha a dtagraítear dóibh mar chomhfhoirne consalacha. Imscaradh comhfhoirne consalaí chuig tríú tír i gcásanna géarchéime, is féidir gur cuidiú ríthábhachtach a bheidh ann sin chun nach sárófar acmhainneacht údaráis chonsalacha na mBallstát a mbeidh ionadaíocht á ndéanamh orthu déileáil lena n-éilíonn an cás.
- (28) Ba cheart comhfhoirne consalacha a bheith bunaithe ar phrionsabal na rannpháirtíochta deonaí, prionsabal na dlúthpháirtíochta leis na Ballstáit a mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu, prionsabal an chomhionannais maidir le cinntí i dtaobh struchtúir oibre inmheánacha, prionsabal na simplíochta maidir le comhdhéanamh foirne, prionsabal na solúbthachta i dtaobh comhroinnt costas – ar dá réir a íocfaidh gach Ballstát, institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais a chostais oibriúcháin féin, prionsabal na hinfheictheachta maidir le freagairt chomhordaithe an Aontais agus prionsabal na hoscailteachta do thríú tíortha ábhartha.
- (29) Chun an úsáid is fearr a bhaint an acmhainneacht atá ar fáil i gcásanna géarchéime, ba cheart a áirithiú le himscaradh comhfhoirne consalacha go mbeidh sineirgí le bearta eile freagartha i gcás géarchéime, amhail trí leas a bhaint as eitiltí aisdúichithe amach nó as eitiltí lena n-íompraítear cabhair dhaonnúil.
- (30) Chun tacú le saoránaigh den Aontas a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, tá sé tábhachtach faisnéis iontaofa a sholáthar dóibh maidir leis an gcaoi ar féidir leo cúnamh consalach a fháil i dtríú tíortha. Ba cheart do ranna an Choimisiúin agus do SEGS rannchuidiú leis an gcuspóir sin trí fhaisnéis ábhartha a scaipeadh, lena n-áirítear faisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit maidir lena líonraí consalacha agus le tríú tíortha ina ndearna siad comhaontuithe praiticiúla i ndáil le comhroinnt freagrachtaí as cosaint chonsalach

a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Chun próiseáil na faisnéise sin a éascú, ba cheart í a sholáthar i bhformáid mheaisín- inléite.

- (31) Ba cheart do na Ballstáit bearta breise a dhéanamh chun rannchuidiú a thuilleadh le feacht saoránach den Aontas faoina gceart chun cosanta consalaí a mhúscailt, agus riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh freisin. I bhfianaise na gcostas teoranta atá i gceist leis do na Ballstáit, bealach amháin inarbh fhéidir é sin a dhéanamh ba ea foclaíocht Airteagal 23 CFAE a atáirgeadh i bpasanna arna n-eisiúint ag na Ballstáit mar bhealach chun feacht saoránach faoin gceart cosaint a fháil ó údarais taidhleoireachta agus chonsalacha a fheabhsú, mar a mholtar cheana féin le Moladh C(2007) 5841 ón gCoimisiún⁵. D'fhéadfadh na Ballstáit faisnéis maidir leis an gceart chun cosanta consalaí ag saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a chur i láthair freisin i gcomhairle taistil agus i bhfeachtais a bhaineann le cúnaimh consalach. D'fhéadfaidís dul i gcomhar freisin le soláthraithe seirbhíse iompair paisinéirí agus moil iompair a chuireann taisteal chuig tríú tíortha ar fáil, trína iarraidh orthu faisnéis ábhartha maidir leis an gceart chun cosanta consalaí a chur leis na hábhair faisnéise a chuirtear ar fáil do chustaiméirí, mar shampla.
- (32) Ba cheart forálacha airgeadais Threoir (AE) 2015/637 a oiriúnú chun aisíocaíochtaí a shimpliú agus leanúint de bheith ag áirithiú go gcomhroinnfear an t-ualach airgeadais. Go sonrach, ba cheart é a bheith indéanta ag saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu costais a aisíoc go díreach, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit cúnaimh, as an tseirbhís a sholáthraíonn an Ballstát sin chun an t-ualach riaracháin a leanann as aisíocaíochtaí a lorg ó Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh a sheachaint. Ina theannta sin, ba cheart a cheadú do na Ballstáit muirearú costais den sórt sin a tharscaoileadh. Ós amhlaidh, i gcásanna áirithe, nach mbeidh saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu in ann íocaíocht a dhéanamh nuair a iarraidh siad cúnaimh, go háirithe i gcás inar goideadh a gcuid airgid thirim agus a modhanna rochtana ar chistí, is gá a fhoráil go bhféadfaidís údarais chonsalacha an Bhallstáit cúnaimh a cheangal orthu gealltanais i leith aisíocaíochta a shíniú. Ar bhonn gealltanais den sórt sin, féadfaidís údarais an Bhallstáit cúnaimh a iarraidh go n-aisíocfar na costais tráth a bheidh 4 seachtaine caite ó soláthraíodh an cúnaimh.
- (33) I gcásanna nár aisíoc an saoránach na costais go díreach, is é sin, nár íoc sé láithreach iad tráth na hiarrata ná ag céim níos déanaí arna iarraidh sin don Bhallstát cúnaimh ar bhonn an ghealltanais i leith aisíocaíochta, ba cheart an Ballstát cúnaimh a bheith i dteideal a iarraidh ar Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach raibh ionadaíocht aige na costais atá dlite a aisíoc. Ionas nach mbeidh orthu aghaidh a thabhairt ar iarrataí ar aisíocaíocht tar éis tréimhsí fada, ba cheart sprioc- am réasúnta a thabhairt don Bhallstát cúnaimh agus don Bhallstát náisiúntachta chun an iarraidh agus an aisíocaíocht, faoi seach, a dhéanamh.
- (34) Ba cheart do na Ballstáit toscaireachtaí an Aontais a aisíoc as a gcuid tacaíochta le cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu chun a áirithiú go soláthrófar an tacaíocht sin ar bhonn neodrach ó thaobh acmhainní de, mar a cheanglaítear le hAirteagal 5(10) de Chinneadh 2010/427/AE.
- (35) Tá na foirmeacha a áirítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir (AE) 2015/637 as dáta agus ba cheart iad a scríosadh dá réir. Na Ballstáit a bhfuil foráil á déanamh acu faoi láthair maidir le húsáid na bhfoirmeacha sin ina

5 Moladh C(2007) 5841 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2007 maidir le téacs Airteagal 20 CFAE a atáirgeadh i bpasanna (IO L 118, 6.5.2008, lch. 30, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2008/355/oj>).

ndlíthe náisiúnta, níor cheart cosc a chur leis sin orthu iad a úsáid tar éis ghlacadh na Treorach seo.

- (36) I gcás ina mbeidh cúnaimh á sholáthar i gcásanna géarchéime, d'fhéadfadh sé nach féidir nó nach mbeidh sé indéanta go praiticiúil idirdhealú a dhéanamh idir saoránaigh a bhfuil ionadaíocht acu agus saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu agus d'fhéadfadh sé go gceanglófaí nó go dtabharfaí le tuiscint leis an bhféidearthacht go soláthrófaí cúnaimh do dhaoine nach bhfuil ionadaíocht acu go soláthrófar cúnaimh freisin do shaoránaigh den Aontas a bhféadfadh ionadaíocht a bheith acu. Ba cheart a shoiléiriú, i gcásanna den sórt sin, gur cheart forálacha Threoir (AE) 2015/637 maidir le haisíocaíocht costas a bheith infheidhme maidir leis an gcosaint chonsalach arna soláthar ag an mBallstát cúnaimh do shaoránaigh Ballstáit eile a bhfuil ionadaíocht acu. Ba cheart a sheachaint leis sin cás ina mbeadh dhá nós imeachta aisíocaíochta ar leithligh ann ag brath ar an mbreithnítear ionadaíocht a bheith ag saoránach a dtugtar cúnaimh dó nó gan ionadaíocht a bheith aige.
- (37) I gcás ina n-úsáidfear Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, i gcomhréir le hAirteagal 16(7) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶, chun tacaíocht cosanta sibhialta a sholáthar don chúnaimh consalach a thugtar do shaoránaigh den Aontas i dtubaistí i dtríú tíortha, beidh feidhm ag forálacha airgeadais an Chinnidh sin. Go sonrach, na Ballstáit a dhéanann iarratas ar chúnaimh airgeadais agus a thairbhíonn den chúnaimh sin, soláthróidh siad don Choimisiún an fhaisnéis maidir le ranníocaíochtaí airgeadais arna mbailiú ó fhoinsí eile, lena n-áirítear na Ballstáit agus na saoránaigh ar tugadh cúnaimh dóibh, agus áirítheoidh siad nach bhfuarthas aon chistiú dúbailte ó fhoinsí eile.
- (38) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha le haghaidh chur chun feidhme na Treorach seo a áirithiú maidir leis an bhformáid mheaisín- inléite atá le húsáid ag na Ballstáit chun faisnéis a sholáthar agus na foirmeacha atá le húsáid i gcomhthéacs na nósanna imeachta airgeadais, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷.
- (39) Chun cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu, is gá sonraí pearsanta a phróiseáil chun céannacht an duine a bhfuil cosaint chonsalach á lorg aige a fhíorú, chun go rachaidh údarais an Bhallstáit cúnaimh agus an Bhallstáit náisiúntachta i gcomhar le chéile agus go gcomhordóidh siad, chun an cúnaimh a iarrtar a thabhairt, chun iarrataí aisíocaíochta airgeadais a phróiseáil agus chun an fhaisnéis teagmhála ábhartha a mhalartú. Aon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann na Ballstáit, ba cheart di Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸ a chomhlíonadh, lena n-áirítear prionsabal an teorannaithe de réir cuspóra agus prionsabal an íoslghdaithe sonraí. Ar an gcaoi chéanna, próiseáil sonraí

6 Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra an Aontais Eorpaigh um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2013/1313/oj>).

7 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).

8 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).

pearsanta a dhéanann institiúidí agus comhlachtaí an Aontais de réir bhrí Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹, ba cheart di na rialacha a leagtar amach sa Rialachán sin a chomhlíonadh.

- (40) Ós rud é go bhféadfadh cúraimí consalacha a bheith éagsúil go mór le chéile, lena gcumhdaítear cásanna íogaire amhail gabháil, príosúnacht, díobháil nó duine a bheith ina íospartach coireachta, is gá a áirithiú go mbeidh rochtain ag údaráis inniúla na mBallstát agus ag institiúidí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais ar an bhfaisnéis uile is gá, lena n- áirítear sonraí pearsanta, a theastaíonn chun go soláthrófar cosaint chonsalach do shaoránaigh den Aontas, agus gur féidir leo an fhaisnéis sin a mhalartú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart údaráis inniúla na mBallstát agus, i gcás ina soláthroidh siad tacaíocht, institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a bheith i dteideal catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil, i gcás ina mbeidh géarghá leis sin chun cosaint chonsalach a sholáthar don duine lena mbaineann. Ba cheart sonraí sláinte a chumhdach leis sin, a bhféadfadh sé nár mhór iad a phróiseáil chun cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránach nach bhfuil ionadaíocht aige ar baineadh gortú tromchúiseach dó nó ar tháinig breoiteacht thromchúiseach air. Is gá íomhána d'aghaidh duine a phróiseáil go háirithe i gcásanna ina bhfuil Doiciméad Taistil Éigeandála AE le heisiúint. Chun cúnaimh a sholáthar do shaoránach nach bhfuil ionadaíocht aige, lena n- áirítear chun éilimh dhlíthiúla a chosaint, d'fhéadfadh sé freisin gur ghá, go heisceachtúil, próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, nó sonraí a bhaineann le gnéaschlaonadh. I gcásanna áirithe, chun cúnaimh consalach a sholáthar, d'fhéadfadh sé freisin gur ghá próiseáil a dhéanamh ar shonraí géiniteacha, amhail cás ina soláthraítear cúnaimh i gcomhthéacs timpistí tromchúiseacha lena gá duine éagumasaithe a shainnithint go huathúil nó i gcomhthéacs atharthacht a shuí. Ar deireadh, i gcásanna consalacha a bhaineann le gabháil nó coinneáil, is dócha go bhféadfadh sé gur ghá próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna.
- (41) I gcás ina mbeidh catagóirí speisialta sonraí pearsanta den sórt sin á bpróiseáil, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát agus d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a áirithiú go ndéanfar bearta oiriúnacha sonracha chun leasanna ábhar sonraí a choimirciú. Ba cheart a áireamh orthu sin, i gcás inar féidir, na sonraí pearsanta sin a chriptiú agus cearta rochtana a shannadh go sonracha do phearsanra a bhfuil rochtain acu ar na cineálacha sonraithe catagóirí speisialta sonraí pearsanta.
- (42) I gcás inar gá sonraí pearsanta saoránach den Aontas a aistriú, chun cosaint chonsalach a sholáthar, chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail na Náisiúin Aontaithe, atá ag comhoibriú leis na bearta freagartha géarchéime, ba cheart do na haistrithe sin Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 agus Caibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh.
- (43) Is gá na coimircí sonracha is infheidhme maidir leis na sonraí pearsanta a phróiseáiltear a shoiléiriú a thuilleadh, amhail uastréimhse coinneála na sonraí pearsanta a bhailítear. Chun a áirithiú go mbaileofar aon chostas is infheidhme, is gá uastréimhse coinneála 12 mhí a bheith ag an mBallstát cúnaimh nó ag institiúidí agus

9 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

comhlachtaí an Aontais agus uastréimhse coinneála 24 mhí a bheith ag an mBallstát náisiúntachta. An uastréimhse choinneála níos faide is infheidhme maidir leis an mBallstát náisiúntachta, tá gá léi sin freisin chun cosc a chur ar aon mhí- úsáid nó aon ghníomhaíocht chalaioiseach eile a d'fhéadfaí a dhéanamh, lena n- áirítear ag daoine a lorgaíonn cosaint chonsalach arís agus arís eile agus a dhéanann iarracht an iompraíocht sin a cheilt trína bheith ag triall ar údarais chonsalacha Ballstát éagsúil. Ar deireadh, i gcás ina mbainfidh na sonraí pearsanta le mionsonraí teagmhála oifigeach poiblí amhail consail oinigh, ba cheart na sonraí pearsanta a choinneáil fad is gurb é an duine sin an teagmhálaí ábhartha i gcónaí. Níor cheart scríosadh sonraí pearsanta iarratasóirí difear a dhéanamh do chumais na mBallstát faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo.

- (44) De bhun Airteagal 47 den Chairt, aon duine a sáraítear na cearta a ráthaítear le dlí an Aontais dó, ní mór an ceart chun leighis éifeachtaigh a bheith aige. Chun an ceart bunúsach sin a chur chun feidhme i gcomhthéacs na cosanta consalaí, ba cheart foráil maidir le sásamh dlíthiúil a chur le Treoir (AE) 2015/637.
- (45) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2015/637 a leasú dá réir sin.
- (46) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach ach gur féidir, de bhrí gur gá na rialacha atá ann cheana a oiriúnú ar leibhéal an Aontais, iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a dhéanamh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (47) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin¹⁰, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuí, ar doiciméid iad ina mínítear an gaol idir comhpháirteanna de threoir agus codanna comhfhreagracha na n- ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.
- (48) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé tuairim uaidh an XXXX¹¹,

10 IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

11 IO C [...], [...], lch. [...].

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir (AE) 2015/637 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 6 agus 7:

'Airteagal 6 Easpa ionadaíochta

1. Chun críocha na Treorach seo, níl ionadaíocht ag Ballstát i dtríú tír mura bhfuil aon ambasáid ná consalacht bunaithe aige inti ar bhonn buan, nó mura bhfuil aon ambasáid ná consalacht aige inti atá go héifeachtach in inmhe cosaint chonsalach a sholáthar i gcás ar leith.
2. Chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil ambasáid ná consalacht ag Ballstát atá go héifeachtach in inmhe cosaint chonsalach a sholáthar i gcás ar leith, déanfaidh an ambasáid nó an chonsalacht óna lorgaíonn an saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige cosaint chonsalach na critéir seo a leanas a chur san áireamh, i bhfianaise imthosca áitiúla:
 - (a) a dheacra atá sé don saoránach lena mbaineann dul chomh fada le hambasáid nó consalacht Bhallstát a náisiúntachta go sábháilte laistigh de thréimhse réasúnta ama, nó a dheacra atá sé don ambasáid nó don chonsalacht sin teacht amhlaidh ar an saoránach sin, agus cineál agus práinn an chúnamh a iarrtar agus na modhanna atá ar fáil don saoránach á gcur san áireamh;
 - (b) an fhéidearthacht go mbeadh ambasáid nó consalacht Bhallstát a náisiúntachta dúnta, lena n-áirítear i gcás nach féidir a dheimhniú, laistigh de thréimhse réasúnta ama, go bhfuil an ambasáid nó an chonsalacht sin oibríochtúil agus inrochtana;
 - (c) cé acu is dócha nó nach dócha go ndéanfaí dochar don chosaint chonsalach, tríd an saoránach a atreorú chuig ambasáid nó consalacht Bhallstát a náisiúntachta, go háirithe má éilíonn práinne an ábhair gníomhaíocht láithreach ón ambasáid nó ón gconsalacht iarrtha.
3. Chun a chinneadh, i gcomhréir le mír 2, cé acu atá nó nach bhfuil ambasáid nó consalacht ag Ballstát atá go héifeachtach in inmhe cosaint chonsalach a sholáthar i gcás ar leith, ní fhéadfar láithreach consail oinigh de chuid Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh a chur san áireamh ach amháin má chumhdaítear le hinniúlachtaí an chonsail oinigh an cúnaimh a iarrann an saoránach.

Airteagal 7

Rochtain ar chosaint chonsalach agus socruithe eile

1. Beidh saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu i dteideal cosaint a lorg ó ambasáid nó consalacht aon Bhallstáit.
2. Gan dochar d'Airteagal 2, féadfaidh Ballstát ionadaíocht a dhéanamh ar Bhallstát eile ar bhonn buan agus féadfaidh ambasáidí agus consalachtaí na mBallstát, aon uair a mheasfar gur gá, socruithe praiticiúla a dhéanamh maidir

le comhroinnt freagrachtaí as cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu.

Sna cásanna sin, déanfaidh ambasáid nó consalacht óna lorgaíonn an saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige cosaint chonsalach, agus nach n- ainmnítear a bheith inniúil de réir an tsocraithe shonraigh atá i bhfeidhm, iarratas an tsaoránaigh a aistriú chuig an ambasáid nó chuig an gconsalacht ábhartha, ach amháin dá ndéanfaí dochar don chosaint chonsalach dá dheasca sin, go háirithe má éilíonn práinne an ábhair gníomhaíocht láithreach ón ambasáid nó ón gconsalacht iarrtha.

3. I gcás ina mbeidh líon mór iarratas ar chosaint chonsalach mar thoradh ar chás géarchéime, féadfaidh ambasáidí agus consalachtaí na mBallstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu sa tríú tír lena mbaineann, le tacaíocht ó thoscaireacht an Aontais, a chomhaontú go ndáilfear iarratais bunaithe ar an acmhainneacht atá ar fáil, ach amháin dá ndéanfaí dochar don chosaint chonsalach dá dheasca sin, go háirithe má éilíonn práinne an ábhair gníomhaíocht láithreach ón ambasáid nó ón gconsalacht iarrtha. Féadfar an dáileadh sin a chomhaontú roimh ré freisin i gcomhthéacs comhphlean teagmhasach consalach dá dtagraítear in Airteagal 13 agus féadfaidh sé maolú ar shocruithe praiticiúla a rinneadh i gcomhréir le mír 2.
4. Saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a lorgaíonn cosaint de bhun mhír 1, coimeádfar ar an eolas iad maidir le haon aistriú de bhun mhíreanna 2 nó 3.;

(2) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointí (e) agus (f):

‘(e) fóirithint, aslonnú agus aisdúichiú i gcás éigeandála;

(f) gá le Doiciméad Taistil Éigeandála AE a bhunaítear le Treoir (AE) 2019/997*.

* Treoir (AE) 2019/997 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Doiciméad Taistil Éigeandála AE agus lena n- aisghairtear Cinneadh 96/409/CBES (IO L 163, 20.6.2019, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/997/oj>).’;

(3) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) trína shuíomh idirlín slán faoin bpointe (faoi na pointí) teagmhála ábhartha sna hAireachtaí Gnóthaí Eachtracha.’;

(b) cuirtear an mhír 5 seo a leanas leis:

‘5. I gcás inarb iomchuí agus inar gá cosaint chonsalach a sholáthar, féadfaidh na Ballstáit rannpháirt a thabhairt freisin, ina mbearta comhordaithe agus comhair, do chonsail oinigh agus dá bpearsanra slándála agus míleata, eagraíochtaí idirnáisiúnta nó údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha tríú tíortha.’;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 11, 12 agus 13:

'Airteagal 11
Ról thoscaireachtaí an Aontais

1. Rachaidh toscaireachtaí an Aontais i ndlúthchomhar le ambasáidí agus consalachtaí na mBallstát agus comhordóidh siad leo chun rannchuidiú le comhar consalach áitiúil, le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus le freagairt i gcás géarchéime, go háirithe trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) tacaíocht lóistíochta atá le fáil a sholáthar, lena n- áirítear cóiríocht oifige agus saoráidí eagrúcháin, amhail cóiríocht shealadach le haghaidh foireann chonsalach agus comhfhoirne consalacha dá dtagraítear in Airteagal 13a(2);
 - (b) malartú faisnéise idir ambasáidí agus consalachtaí na mBallstát a éascú;
 - (c) malartú faisnéise le húdarais áitiúla, údarais taidhleoireachta agus chonsalacha tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a éascú, i gcás inarb iomchuí;
 - (d) faisnéis ghinearálta a chur ar fáil maidir leis an gcúnamh a bhféadfadh saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a bheith i dteideal a fháil, go háirithe maidir le socrúithe praiticiúla comhaontaithe más infheidhme;
 - (e) cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe comhair chonsalaigh áitiúil dá dtagraítear in Airteagal 12(2);
 - (f) bunú agus comhaontú comhphleananna teagmhasacha consalacha dá dtagraítear in Airteagal 13 a chomhordú;
 - (g) rannpháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí freagartha géarchéime i gcomhréir le hAirteagal 13a, lena n- áirítear, i gcás inarb ábhartha agus iomchuí, trí thacaíocht a sholáthar don Stát Treorach.
2. Tacóidh toscaireachtaí an Aontais leis na Ballstáit cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu i gcomhréir le hAirteagal 5(10) de Chinneadh 2010/427/AE. Féadfar a áireamh leis an tacaíocht sin cúraimí sonracha cúnaimh chonsalaigh a dhéanamh, arna iarraidh sin do na Ballstáit agus thar a gceann. Déanfaidh an Ballstát cúnaimh agus an Ballstát náisiúntachta an fhaisnéis ábhartha uile sa chás lena mbaineann a sholáthar do thoscaireachtaí an Aontais.

Airteagal 12
Comhar consalach áitiúil

1. Rachaidh údarais chonsalacha na mBallstát agus toscaireacht an Aontais i gcomhar consalach áitiúil laistigh de gach tríú tír.
2. Áireofar i gcrúinnithe comhair chonsalaigh áitiúil malartuithe tráthrialta maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) sábháilteacht agus slándáil saoránach den Aontas agus ábhair eile atá ábhartha dóibh;
 - (b) *démarches* consalacha comhpháirteacha a dhréachtú agus a sheachadadh d'údarais tríú tír, i gcás inarb ábhartha;
 - (c) comhphleananna teagmhasacha consalacha dá dtagraítear in Airteagal 13 a bhunú, a chomhaontú agus a athbhreithniú;

- (d) cleachtaí consalacha comhpháirteacha a eagrú;
 - (e) socrúithe praiticiúla dá dtagraítear in Airteagal 7(2) chun a áirithiú go gcosnófar saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu go héifeachtach sa tríú tír lena mbaineann.
3. Mura gcomhaontaíonn údaráis chonsalacha na mBallstát a mhalairt, beidh ionadaí ó thoscaireacht an Aontais ina Chathaoirleach. I gcás nach mbeidh aon toiscaireacht de chuid an Aontais i láthair, beidh ionadaí ó Bhallstát ina chathaoirleach ar chruinnithe.

Airteagal 13

Ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna

1. I gcomhthéacs comhair chonsalacha áitiúil dá dtagraítear in Airteagal 12, déanfaidh na Ballstáit agus SEGS comhphlean teagmhasach consalach a bhunú agus a chomhaontú le haghaidh gach tríú tír. Tabharfar an comhphlean teagmhasach consalach cothrom le dáta go bliantúil agus is é a bheidh ann:
- (a) anailís ar an staid chonsalach sa tír, lena n-áirítear forbheathnú ar ambasáidí nó consalachtaí Ballstáit, meastachán ar an líon saoránach den Aontas agus a suíomh, agus measúnú riosca ar na cásanna is sochreidte a dhéanfaidh difear do shaoránaigh den Aontas;
 - (b) comhshocrúithe consalacha um ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, lena n-áirítear bealaí cumarsáide agus teagmhálaithe laistigh de chomhar consalach áitiúil agus le húdaráis áitiúla agus tríú tíortha ábhartha;
 - (c) comhshocrúithe consalacha um fhreagairt i gcás géarchéime, lena n-áirítear próisis comhroinnte faisnéise agus chumarsáide laistigh de chomhar consalach áitiúil agus le saoránaigh den Aontas, cruinnithe géarchéime, comhar le húdaráis áitiúla agus tríú tíortha ábhartha agus gníomhaíochtaí le linn géarchéime agus ina diaidh;
 - (d) i gcás ina nglacfaidh Ballstát ról an Stáit Treorach chuige féin i dtríú tír ar leith dá dtagraítear in Airteagal 13a(3), tuairisc ar a fhreagrachtaí;
 - (e) aon fhaisnéis ábhartha eile.
2. I gcás ina mbeidh siad i láthair, comhordóidh toiscaireachtaí an Aontais bunú agus comhaontú comhphleananna teagmhasacha consalacha, bunaithe ar rannchuidithe arna dtabhairt ag ambasáidí nó consalachtaí na mBallstát a mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu sa tríú tír lena mbaineann agus ag údaráis chonsalacha na mBallstát nach mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu. Cuirfear comhphleananna teagmhasacha consalacha ar fáil do na Ballstáit uile, do SEGS agus do ranna an Choimisiúin.
- I dtríú tíortha nach mbeidh aon toiscaireacht de chuid an Aontais iontu, is é an Cathaoirleach ar an gcomhar consalach áitiúil arna chomhaontú de bhun Airteagal 12(3) a dhéanfaidh an comhordú, le tacaíocht ó SEGS.
3. Déanfaidh na Ballstáit agus toiscaireachtaí an Aontais cleachtaí consalacha go bliantúil chun comhshocrúithe consalacha um ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus um fhreagairt i gcás géarchéime a thabhairt cothrom le dáta agus feabhas a chur orthu.

4. Tabharfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, an deis dá saoránaigh a chur in iúl d'údaráis náisiúnta inniúla, trí mhodhanna agus uirlisí iomchuí, go bhfuil siad ag taisteal chuig tríú tíortha nó ina gcónaí iontu nó an taisteal nó an chónaitheacht sin a chlárú leo.
5. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis maidir le hathruithe ar a gcomhairle taistil do shaoránaigh a mhalartú ag luathchéim, go háirithe i gcomhthéacs cásanna géarchéime, agus féachfaidh siad lena áirithiú go mbeidh comhsheasmhacht sa leibhéal comhairle taistil a thugtar.';

(5) cuirtear an tAirteagal 13a seo a leanas isteach i gCaibidil 2:

*'Airteagal 13a
Freagairt i gcás géarchéime*

1. I gcás géarchéime, rachaidh an tAontas agus na Ballstáit i ndlúthchomhar le chéile chun a áirithiú go dtabharfar cúnamh éifeachtúil do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Cuirfidh siad in iúl dá chéile go tráthúil, i gcás inar féidir, na hacmhainneachtaí aslonnaithe atá ar fáil, lena n- áirítear sócmhainní míleata a úsáid i gcás oibríochtaí.
2. I gcás inar gá, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a fháil ó chomhfhóirne consalacha a bheidh comhdhéanta de shaineolaithe ó na Ballstáit, go háirithe ó Bhallstáit nach mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu sa tríú tír a ndéanann an ghéarchéim difear di, ó SEGS agus ó ranna an Choimisiúin. Beidh comhfhóirne consalacha ar fáil lena n- imscaradh go gasta chuig tríú tíortha a ndéanann géarchéim chonsalach difear dóibh. Beidh rannpháirtíocht i gcomhfhóirne consalacha deonach.
3. I gcás inarb infheidhme, beidh an Stát Treorach nó an Ballstát (na Ballstáit) a dhéanann comhordú ar chúnamh i gceannas ar aon tacaíocht a thugtar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu a chomhordú, le tacaíocht ó na Ballstáit eile lena mbaineann, ó thoscaireacht an Aontais agus ó riarachán lárnach SEGS. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Stát Treorach nó don Bhallstát (do na Ballstáit) a dhéanann comhordú ar chúnamh an fhaisnéis ábhartha uile maidir lena saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu agus atá i láthair i gcás géarchéime.
4. I gcás ina mbeidh cúnamh á sholáthar ag na Ballstáit, féadfaidh siad, i gcás inarb iomchuí, tacaíocht a lorg ó ionstraimí de chuid an Aontais amhail struchtúir bainistithe géarchéime SEGS agus a Lárionad um Fhreagairt i gCás Géarchéime agus, tríd an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha a bhunaítear le hAirteagal 7 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE, Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.';

(6) cuirtear isteach Caibidil 2a mar seo a leanas:

‘CAIBIDIL 2a **FAISNÉIS A SHOLÁTHAR**

Airteagal 13b

Faisnéis a sholáthar agus a scaipeadh

1. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar don Choimisiún agus d’Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála:
 - (a) liostaí nuashonraithe teagmhálaithe le haghaidh a líonraí consalacha;
 - (b) liostaí tríú tíortha ina ndéanann Ballstát eile ionadaíocht orthu nó ina ndéanann siad ionadaíocht ar Bhallstát eile ar bhonn buan i gcomhréir le hAirteagal 7(2);
 - (c) socrúithe praiticiúla arna ndéanamh de bhun Airteagal 7(2);
 - (d) an líon saoránach nach bhfuil ionadaíocht acu dar soláthraíodh cosaint chonsalach dá dtagraítear in Airteagal 2 le linn na bliana roimhe seo, arna mhiondealú de réir náisiúntachta agus tríú tír;
 - (e) an líon iarrataí ar aisíocaíocht a cuireadh isteach agus a fuarthas de bhun Airteagail 14 agus 15 le linn na bliana roimhe seo.

I gcás ina mbeidh cinneadh déanta ag Ballstát, de bhun Airteagal 2(2), an Treoir seo a chur i bhfeidhm maidir leis an gcosaint chonsalach a sholáthraíonn consail oinigh, áireofar sa liosta dá dtagraítear i bpointe (a) consail oinigh chomh maith le faisnéis maidir lena mhéad atá consail oinigh inniúil cosaint a sholáthar i gcás ar leith, go háirithe cé acu atá nó nach bhfuil siad cumhachtaithe Doiciméid Taistil Éigeandála AE a eisiúint.

2. Cuirfidh na Ballstáit, ranna an Choimisiúin agus SEGS an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c), ar fáil go poiblí ar bhealach a n-áiríthíonn comhleanúnachas na faisnéise a sholáthraítear.
3. I gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún é, déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar i bhformáid mheaisín- inléite.
4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear an fhormáid mheaisín- inléite shonrach ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 le soláthar. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15a(2).

Airteagal 13c

Faisnéis do shaoránaigh den Aontas

1. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a saoránaigh a chur ar an eolas faoin gceart atá acu a leagtar amach in Airteagal 20(2), pointe (c), CFAE. Féadfar na bearta seo a leanas go háirithe a áireamh orthu sin:
 - (a) an chéad abairt d’Airteagal 23 CFAE maidir le pasanna náisiúnta a atáirgeadh;

- (b) faisnéis maidir leis an gceart chun cosanta consalaí a áireamh i gcomhairle taistil agus i bhfeachtais a bhaineann leis an gcosaint chonsalach;
 - (c) dul i gcomhar i bhfeachtais faisnéise le soláthraithe seirbhíse iompair paisinéirí agus moil iompair a chuireann taisteal chuig tríú tíortha ar fáil.
2. Rannchuideoidh seirbhísí an Choimisiúin agus SEGS le saoránaigh den Aontas a chur ar an eolas maidir lena gceart chun cosanta consalaí.’;
- (7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 14 agus 15:

*‘Airteagal 14
Rialacha ginearálta*

1. Aon chostas a ghearrann Ballstát cúnta as cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu, beidh sé mar an gcéanna leis an gcostas a ghearrfadh sé ar a náisiúnaigh féin.
2. Mura bhfuil saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige in ann na costais dá dtagraítear i mír 1 a íoc leis an mBallstát cúnaimh nuair a bheidh iarraidh ar chúnamh á déanamh aige, féadfaidh an Ballstát cúnaimh a cheangal ar an saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige gealltanais i leith aisíocaíochta a shíniú. Ar an mbonn sin, féadfaidh an Ballstát cúnaimh a iarraidh ar an saoránach lena mbaineann nach bhfuil ionadaíocht aige na costais sin a íoc tráth a bheidh 4 seachtaine caite ó soláthraíodh an cúnamh.

Mura bhfuil saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige in ann na costais dá dtagraítear i mír 1 a íoc nuair a bheidh iarraidh ar chúnamh á déanamh aige, ní dhéanfaidh sé sin difear dá cheart cosaint chonsalach a fháil.
3. Murar íoc saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige agus ar soláthraíodh cosaint chonsalach dó na costais dá dtagraítear i mír 1, nuair a bhí iarraidh ar chúnamh á déanamh aige ná nuair a d’iarr an Ballstát cúnaimh air déanamh amhlaidh de bhun mhír 2, féadfaidh an Ballstát cúnaimh, laistigh de 12 mhí ó dháta sínithe an ghealltanais i leith aisíocaíochta dá dtagraítear i mír 2, íocaíocht na gcostas a iarraidh ar Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige.

Déanfaidh Ballstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige na costais sin a aisíoc laistigh de thréimhse réasúnta ama nach faide ná 12 mhí ó dháta na hiarrata. Féadfaidh Ballstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige a iarraidh ar an saoránach lena mbaineann nach bhfuil ionadaíocht aige na costais sin a aisíoc.
4. I gcás ina mbeidh costais níos airde ná mar is gnách ach costais atá fíor-riachtanach agus a bhfuil údar leo a bhaineann le taisteal, cóiríocht nó aistriúchán le haghaidh údarais taidhleoireachta nó chonsalacha i gceist leis an gcosaint chonsalach a sholáthraítear do shaoránach nach bhfuil ionadaíocht aige, féadfaidh an Ballstát cúnaimh, laistigh de 12 mhí ón tráth a sholáthraítear an cúnamh, a iarraidh go díreach ar Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige na costais sin a aisíoc, a aisíocfaidh iad laistigh de thréimhse réasúnta ama nach faide ná 12 mhí.
5. Aisíocfaidh na Ballstáit toscaireachtaí an Aontais as a dtacaíocht chun cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Sa chás sin, trí Bhallstát an tsaoránaigh a bheith ag aisíoc costas, áiritheofar go

dtabharfaidh toscaireachtaí an Aontais tacaíocht ar bhonn neodrach ó thaobh acmhainní de.

6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha atá le húsáid le haghaidh an ghealltanais i leith aisíocaíochta dá dtagraítear i mír 2 agus le haghaidh aisíocaíochta na gcostas ón mBallstát náisiúntachta dá dtagraítear i mír 3. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15a(2).

Airteagal 15

Nós imeachta éascaithe i gcásanna géarchéime

1. I gcásanna géarchéime, ach amháin má rinne an saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige costais na tacaíochta arna soláthar a aisíoc go díreach cheana féin, féadfaidh an Ballstát cúnamh aisíocaíochta na gcostas a lorg ó Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige fiú murar shínigh an saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige gealltanais i leith aisíocaíochta de bhun Airteagal 14(2). Ní choiscfidh sé sin ar Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige aisíocaíochta a lorg ón saoránach lena mbaineann nach bhfuil ionadaíocht aige ar bhonn rialacha náisiúnta.
2. Féadfaidh an Ballstát cúnamh a iarraidh ar Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige na costais dá dtagraítear i mír 1 a aisíoc ar bhonn *pro rata*, trí luach iomlán na gcostas iarbhír arna dtabhú a roinnt ar an líon saoránach dar tugadh cúnamh.
3. I gcás inarb amhlaidh, sna cásanna géarchéime dá dtagraítear i mír 1, nach féidir nó nach bhfuil sé indéanta go praiticiúil idirdhealú a dhéanamh idir saoránaigh a bhfuil ionadaíocht acu agus saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu, agus i gcás ina gceanglaítear nó ina dtugtar le tuiscint leis an bhféidearthacht go soláthrófaí cúnamh do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu go soláthrófar cúnamh freisin do shaoránaigh a bhféadfadh ionadaíocht a bheith acu, beidh feidhm ag an nós imeachta i mír 1 agus 2 maidir leis an geosaint chonsalach a sholáthraíonn an Ballstát cúnamh do shaoránaigh de Bhallstát eile a bhfuil ionadaíocht acu i gcásanna géarchéime.
4. Beidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 maidir le cásanna inar thug toscaireacht de chuid an Aontais tacaíocht do Bhallstát chun cosaint chonsalach a sholáthar. Sa chás sin, trí Bhallstát an tsaoránaigh a bheith ag aisíoc costas, áiritheofar go dtabharfaidh toscaireachtaí an Aontais tacaíocht ar bhonn neodrach ó thaobh acmhainní de.
5. Cuirfear aisíocaíochtaí arna n- iarraidh de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3 san áireamh chun aon ranníocaíocht ó Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta a chinneadh, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE, chun tacaíocht cosanta sibhialta a sholáthar don chúnamh consalach a thugtar do shaoránaigh den Aontas i dtubaistí i dtríú tíortha.’;

(8) cuirtear an tAirteagal 15a seo a leanas isteach i gCaibidil 4:

'Airteagal 15a
Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bheidh sa choiste sin*.
2. I gcás ina dtagraítear don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).’;

(9) cuirtear na hAirteagail 16a agus 16b seo a leanas isteach:

'Airteagal 16a
Sonraí pearsanta a chosaint

1. Chun críocha na Treorach seo, ní dhéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát sonraí pearsanta a phróiseáil ach chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - (a) iarratas duine a bhfuil cosaint chonsalach á lorg aige a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 3 nó Airteagal 7;
 - (b) céannacht duine a bhfuil cosaint chonsalach á lorg aige a fhíorú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 8;
 - (c) cosaint chonsalach a sholáthar don duine sin, go háirithe trí na cineálacha cúnaimh dá dtagraítear in Airteagal 9 a sholáthar;
 - (d) dul i gcomhar maidir le tacaíocht agus í a chomhordú agus a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 11, Airteagal 13(1) agus Airteagal 13a;
 - (e) an fhaisnéis teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 10(4) agus Airteagal 13b(1) a sholáthar;
 - (f) próiseáil a dhéanamh ar iarrataí ar aisíocaíochtaí airgeadais i ndáil le cosaint chonsalach arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 14 agus Airteagal 15.
2. Próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais de réir bhrí Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* chun críocha na Treorach seo, ní dhéanfar sin ach i gcás inar gá chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 10(1), Airteagal 11, Airteagal 13 agus Airteagal 13a a dhéanamh, chun próiseáil a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaightear de bhun Airteagal 10(4) agus Airteagal 13b(1), nó chun próiseáil a dhéanamh ar iarrataí ar aisíocaíocht airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 14(5) agus Airteagal 15(4).
3. I gcás ina mbeidh sonraí pearsanta á bpróiseáil de bhun mhíreanna 1 agus 2, déanfar údaráis inniúla na mBallstát agus institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, faoi raon feidhme a ngníomhaíochtaí faoi seach faoin Treoir seo, a

bhreithniú a bheith sa rialaitheoir dá dtagraítear, faoi seach, in Airteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** agus Airteagal 3(8) de Rialachán (AE) 2018/1725.

4. Sonraí pearsanta arna bpróiseáil de bhun mhíreanna 1 agus 2, beidh siad teoranta don mhéid is gá chun na cúraimí iontu a dhéanamh, amhail céannacht an duine a bhfuil cosaint chonsalach de dhíth air agus imthosca an cháis chonsalaigh.
5. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát agus institiúidí agus comhlachtaí an Aontais próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, sonraí a bhaineann leis an tsláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó gnéaschlaonadh nó sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithé coiriúla agus cionta duine a bhfuil cosaint chonsalach de dhíth air i gcás ina mbeidh géarghá leis sin chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 9, Airteagal 10, Airteagal 11 agus Airteagal 13a a dhéanamh i ndáil leis an duine sin.
6. I gcás ina mbeidh na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 5 á bpróiseáil, áiritheoidh údaráis inniúla na mBallstát agus institiúidí agus comhlachtaí an Aontais go ndéanfar bearta oiriúnacha sonracha chun leasanna ábhar sonraí a choimirciú. Tabharfaidh siad beartais inmheánacha isteach freisin agus déanfaidh siad na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí pearsanta sin agus a dtarchur a chosc.
7. Chun críocha na Treorach seo, ní dhéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 9, Airteagal 10 agus Airteagal 13a a dhéanamh agus i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679.

Chun críocha na Treorach seo, ní dhéanfaidh institiúidí ná comhlachtaí an Aontais sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 10(1), Airteagal 11 agus Airteagal 13a a dhéanamh agus i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725.
8. Ní dhéanfaidh an Ballstát cúnaimh, an Ballstát náisiúntachta agus, i gcás inarb infheidhme, institiúidí agus comhlachtaí an Aontais sonraí pearsanta duine a dtugtar cúnamh dó a choinneáil ach a fhad is gá chun na cúraimí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a dhéanamh. Ní choinneoidh an Ballstát cúnaimh ná institiúidí agus comhlachtaí an Aontais na sonraí pearsanta sin a choinneáil níos faide ná 12 mhí i gcás ar bith, ná ní choinneoidh an Ballstát náisiúntachta iad níos faide ná 24 mhí, ó dháta a mbailithe. Mionsonraí teagmhála a mhalartaítear i gcomhréir le hAirteagal 10(4) agus Airteagal 13b(1), ní choinneofar iad ach a fhad a fheidhmíonn na daoine an fheidhm ábhartha.

Scríosfar na sonraí pearsanta a luaithe is féidir tar éis thabhairt i gcrích na gcúraimí dá dtagraítear i mír 1 nó 2 agus tráth nach déanaí ná dul in éag na dtréimhsí coinneála dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Airteagal 16b
Leigheasanna

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh leigheas éifeachtach ag saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu faoin dlí náisiúnta i gcás sárú ar a gcearta faoin Treoir seo.

* Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

** Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).’;

(10) in Airteagal 19, cuirtear an mhír 3 seo a leanas isteach:

‘3. Tráth nach luaithe ná [8 mbliana tar éis sprioc- am trasuí na Treorach leasaithe], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú.’;

(11) Scriostar Iarscríbhinní I agus II.

Airteagal 2

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(3) de Threoir (AE) 2019/997:

‘3. I gcás nach mbeidh iarratasóirí in ann aon táille is infheidhme a íoc leis an mBallstát cúnaimh nuair a chuirfidh siad a n-iarratas isteach, beidh feidhm ag Airteagal 14(2) agus (3) agus Airteagal 15 de Threoir (AE) 2015/637.’.

Airteagal 3

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [2 bhliain tar éis teacht i bhfeidhm] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs príomhfhóralacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Baineann an togra/tionscnaimh le:

1.4. Cuspóirí

1.4.1. *Cuspóirí ginearálta*

1.4.2. *Cuspóirí sonracha*

1.4.3. *An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

1.5.2. *Breislúach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breislúach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críoche an phointe sin, is é a chiallaíonn 'breislúach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ibhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

1.7. An modh (na modhanna) atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

2.3. Beartha chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

*3.2.2. An t-*aschur* a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2015/637 maidir leis na bearta comhordaithe agus comhair chun an chosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i dtríú tíortha agus Treoir (AE) 2019/997 lena mbunaítear Doiciméad Taistil Éigeandála AE

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Cosaint chonsalach

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

- beart nua
- beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart³⁸
- síneadh ar bheart atá ann cheana
- beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. An cuspóir ginearálta

Is é cuspóir ginearálta uileghabhálach an tionscnaimh beartais feabhas a chur ar fheidhmiú an chirt chun cosanta consalaí.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonracha Uimh. 1

Deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú do shaoránaigh den Aontas a mhéid a bhaineann le raon feidhme an chirt chun cosanta consalaí.

Cuspóir sonracha Uimh. 2

Róil shoiléire agus sásraí comhordaithe agus comhair idir na Ballstáit agus toscaireachtaí an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear le linn géarchéimeanna.

Cuspóir sonracha Uimh. 3

Feabhas a chur ar an soláthar faisnéise do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu agus ar an gcumarsáid leo.

Cuspóir sonracha Uimh. 4

Éifeachtúlacht agus úsáid nósanna imeachta aisíocaíochta airgeadais a mhéadú.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Is é an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra seo go ndéanfar an chosaint chonsalach a oiriúnú do dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus go mbeidh sé dearfach dá réir i gcomparáid leis an *status quo*. Beidh deimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe ann de bharr soiléiriú ar an sainmhíniú ar ‘shaoránach nach bhfuil ionadaíocht aige’, agus is éifeachtaí a bheidh an cúnamh

38 Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

consalach do shaoránaigh den Aontas dá thoradh sin. De thoradh ról tacaíochta thoscaireachtaí an Aontais a bheith neartaithe agus an roinnt cúraimí idir na Ballstáit agus toiscaireachtaí an Aontais i gcrúinnithe comhair áitiúil a bheith níos soiléire, tá coinne leis go méadófar deimhneacht dhlíthiúil agus éifeachtacht rialacha na Treorach is infheidhme maidir le cásanna géarchéime agus cásanna nach cásanna géarchéime iad. Is é an éifeacht a bheadh ag comhar níos éifeachtúla agus níos rianúla go dtabharfaí cúnamh níos fearr do shaoránaigh den Aontas, go háirithe i gcásanna géarchéime, agus go mbainfí an úsáid is fearr as acmhainní uile an Aontais a leithdháiltear ar an gcúram sin. Ina theannta sin, is éifeachtaí agus is comhsheasmhaí a bheidh an chumarsáid le saoránaigh den Aontas maidir le hábhair chonsalacha de bharr comhar feabhsaithe idir líonraí consalacha na mBallstát agus an tAontas. Trí thuilleadh saoránach ar an gcoigríoch a chlárú, beidh na Ballstáit in ann cúnamh a thabhairt dóibh níos fearr.

Ar deireadh, méadófar úsáideacht níos annála imeachta aisíocaíochta airgeadais de bharr shimpliú agus laghdú an ualaigh riaracháin atá ann faoi láthair le haghaidh an Bhallstáit cúnamh agus an Bhallstáit náisiúntachta araon. Anuas air sin, le leathnú an tsásra aisíocaíochta chuig toiscaireachtaí an Aontais, líonfar bearna a chuireann bac ar a dtacaíocht phraiticiúil do na Ballstáit cúnamh a sholáthar do shaoránaigh den Aontas.

Tá forbhreathnú níos cuimsithí ar impleachtaí an tionscnaimh le fáil sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo.

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Cuspóir sonrach Uimh. 1

- An líon saoránach den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu agus a dtugtar cúnamh dóibh.
- An líon gearán a fhaightear, agus an líon cásanna cúirte a thionscnaíonn saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu i ndáil le sárúithe ar a gceart chun cosanta consalaí.

Cuspóir sonrach Uimh. 2

- An líon cleachtaí comhordaithe chonsalaigh áitiúil a eagraítear.
- An líon agus an cineál iarrataí tacaíochta ó údaráis na mBallstát ar thoscaireachtaí an Aontais.

Cuspóir sonrach Uimh. 3

- An leibhéal feasachta atá ag saoránaigh den Aontas faoina gceart chun cosanta consalaí.
- An líon saoránach a bhfuil a gcónaí nó a dtaisteal ar an gcoigríoch cláraithe.
- An líon feachtas múscailte feachtais agus beart eile a bhfuil cuspóir comhchosúil acu a eagraítear ar an leibhéal náisiúnta.

Cuspóir sonrach Uimh. 4

- An líon iarrataí ar aisíocaíocht a chuirtear isteach agus a fhaightear.
- An mheántréimhse ama idir cur isteach na hiarrata agus a híoc amach.

- An líon cásanna nach dtugtar aisíocaíocht i gcrích iontu.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

- 1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is féidir amlíne cur chun feidhme shealadach a léiriú mar a leanas:

2024: Teacht i bhfeidhm na Treorach.

2026: Trasú agus cur i bhfeidhm ag na Ballstáit.

- 1.5.2. *Breislúach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breislúach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe sin, is é a chiallaíonn 'breislúach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Mar a leagtar amach cheana féin sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh an ruda a thiocthadh chun bheith ina Threoir (AE) 2015/637³⁹, is ar leibhéal an Aontais is fearr is féidir foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin choiteanna an Aontais, coimirce agus nósanna imeachta soiléire um chomhar agus comhordú i ndáil le saoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu. Tá na réasúinthe coimhdeachta a leagtar amach sa mheasúnú tionchair sin fós bailí. Tá an ceart chun cosanta consalaí ina shaincheist trasteorann i gcónaí agus ina dhlúthchuid de shaoránacht an Aontais, rud a éilíonn comhar agus comhordú ar leibhéal an Aontais.

Ó chuaigh a sprioc- am trasú in éag in 2018, tá dlúthfhaireachán déanta ag an gCoimisiún ar chur chun feidhme Threoir (AE) 2015/637 agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais. Gan gníomhaíocht thráthúil éifeachtach an Aontais, leanfadh na fadhbanna agus na cúiseanna a leagtar amach sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo de bheith ag cur bac ar fheidhmiú éifeachtach an chirt chun cosanta consalaí.

Gan gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, bheadh éifeachtacht na gceart ag saoránaigh den Aontas a bhaineann leis an gcosaint chonsalach fós á cur i mbaol agus bheadh breislúach thoscaireachtaí an Aontais sa chomhthéacs sin fós gan saothrú.

Go sonrath, comhar a chothú chun tacú le saoránaigh den Aontas a bhfuil cúnaimh de dhíth orthu ar an gcoigríoch, ní féidir é a bhaint amach ach trí idirghabháil chomhordaithe an Aontais. Is maith atá an tAontas, agus go háirithe SEGS agus an Coimisiún (Ard-Stiurthóireacht na Cosanta Sibhialta Eorpaí agus na nOibríochtaí Eorpacha um Chabhair Dhaonnúil, AS ECHO), in ann ról comhordúcháin den sórt sin a ghlacadh, ar bhealach agus go feadh méid nach féidir leis na Ballstáit a dhéanamh agus iad ag gníomhú dóibh ar a dtionscnaimh féin.

39 [SEC\(2011\) 1556 final](#).

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

An 2 Meán Fómhair 2022 d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2015/637.

Léirigh an tuarascáil go raibh Treoir (AE) 2015/637 éifeachtach den chuid is mó chun a cuspóir a bhaint amach, is é sin go n-éascófaí do shaoránaigh den Aontas a gcearta a bhaineann leis an gcosaint chonsalach a fheidhmiú i dtríú tíortha nach ndéantar ionadaíocht iontu ar an mBallstát ar náisiúnaigh de iad.

Mar sin féin, tugadh ar aird sa tuarascáil go raibh méadú ag teacht ar líon agus ar scála na ngéarchéimeanna a mbíonn iarrataí ar chosaint chonsalach mar thoradh orthu. Thug paindéim COVID-19 (nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe i dtéarmaí scála agus castachta), an ghéarchéim san Afganastáin, cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, an choinbhleacht sa tSúdáin, na haisdúichithe ó Iosrael agus ó Ghaza agus géarchéimeanna comhchosúla eile comhthéacs chun bearnaí a shainnithint agus machnamh a dhéanamh ar conas an ceart chun cosanta consalaí ag saoránaigh den Aontas a neartú.

Tugadh ar aird sa tuarascáil go bhféadfaí bearta a shoiléiriú agus a chuíchóiriú chun soláthar cosanta consalaí do shaoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu a éascú a thuilleadh, lena n-áirítear deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú i ndáil le tairbhíthe agus an chosaint sin a áirithiú gan beann ar an áit a bhfuil siad ar domhan. Ina theannta sin, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar fheabhas a chur ar sholáthar faisnéise agus ar chomhordú cumarsáide. Thairis sin, is gá úsáid níos mó a bhaint as sásraí fadbhreathnaitheachta le haghaidh ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, go háirithe i bhfianaise an chostais dhaonna a bhaineann le cásanna nach soláthraítear cosaint chonsalach leordhóthanach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh ról foirmiúil thoscaireachtaí an Aontais agus a gcomhordú agus a gcomhar leis na Ballstáit léiriú níos fearr a thabhairt ar an bhfíorchás a bhaineann lena gcuid oibre ar an láthair, rud a sholáthródh deimhneacht dhlíthiúil níos fearr.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tá an togra seo ailínithe le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM) a bhunaítear le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Déanfar na costais is gá a mhaoiniú le modhanna buiséadacha atá ann cheana.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

tréimhse theoranta

- i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2024 go 2026,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. An modh (na modhanna) atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

- trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;
- comhlachtaí dlí phoiblí;
- comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- comhlachtaí nó daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

--

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Déanfar meastóireacht ar an Treoir 8 mbliana tar éis dhul in éag sprioc- am a thrasuí. Déanfaidh an Choimisiún na torthaí a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Leis an togra seo, ní athraítear an modh bainistíochta, na sásraí cur chun feidhme cistiúcháin, módúlachtaí íocaíochta ná an straitéis rialúcháin atá i bhfeidhm cheana agus atá in úsáid ag an gCoimisiún.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Baineann an ráiteas airgeadais reachtach seo le caiteachas foirne. Tá feidhm ag gnáthrioscaí agus gnáthchórais rialaithe maidir leis an gcineál caiteachais sin.

2.2.3. *Meastachán ar chost- éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Ní dhéanann an tionscnamh seo difear do chostéifeachtacht rialuithe an Choimisiúin atá ann cheana.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaíse.

Baineann an ráiteas airgeadais reachtach seo le caiteachas foirne. Tá feidhm ag na gnáthrialacha maidir leis an gcineál caiteachais sin.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ⁴⁰	ó thíortha de chuid CSTE ⁴¹	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a ⁴²	ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	An cineál caiteachas	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a	ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
[XX.YY.YY.YY]		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	

40 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

41 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

42 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n- iarrthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	
--	--------	--

Ard-Stiúirthóireacht: <.....>			Bliain N ⁴³	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
○ Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
Líne bhuiséid ⁴⁴	Gealltanais	(1a)								
	Íocaíochtaí	(2a)								
Líne buiséid	Gealltanais	(1b)								
	Íocaíochtaí	(2b)								
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonracha ⁴⁵										
Líne buiséid		(3)								
IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair Ard-Stiúirthóireacht <.....>	Gealltanais	=1a+1b +3								
	Íocaíochtaí	=2a+2b								

43 Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnamh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a bhfuil coinne léi a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021).

Is gá an rud céanna a dhéanamh le haghaidh na mblianta seo a leanas.

44 De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

45 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

		+3								
--	--	----	--	--	--	--	--	--	--	--

○ IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)								
	Íocaíochtaí	(5)								
○ IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath		(6)								
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL <...> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	= 4+ 6								
	Íocaíochtaí	= 5+ 6								

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceanteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceanteidil sin:

○ IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceanteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)								
	Íocaíochtaí	(5)								
IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath (gach ceanteideal oibríochta)		(6)								
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	= 4+ 6								
	Íocaíochtaí	= 5+ 6								

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	“Caiteachas riaracháin”
--	----------	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN (faoi CAI atá i bhfeidhm faoi láthair⁴⁶)
Ard-Stiúrthóireacht: JUST				
○ Acmhainní daonna		0,043	0.014	0,057
○ Caiteachas riaracháin eile				
IOMLÁN AS JUST	Leithreasuithe	0,043	0.014	0,057
Ard-Stiúrthóireacht: SEGS				
○ Acmhainní daonna				
○ Caiteachas riaracháin eile		0.038	0.038	0.076
IOMLÁN SEGS	Leithreasuithe	0.038	0.038	0.076
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	0.081	0.052	0.133

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2026	2027	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7	Gealltanais	0.081	0.052	0.133
	Íocaíochtaí	0.081	0.052	0.133

⁴⁶ Tá impleachtaí airgeadais todhchaí an tionscnaimh seo do na blianta tar éis 2027 gan dochar do CAI tar éis 2027.

den chreat airgeadais ilbhliantúil

3.2.2. An t-aschur a mheastar a mhaoiníofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ↓			Bliain N		Bliain N+1		Bliain N+2		Bliain N+3		Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)						IOMLÁN		
	ASCHUIR																		
	Cineál ⁴⁷	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ⁴⁸ ...																			
- Aschur																			
- Aschur																			
- Aschur																			
Fo-iomlán do chuspóir sonracha Uimh. 1																			
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																			
- Aschur																			
Fo-iomlán do chuspóirí sonracha Uimh. 2																			
IOMLÁN																			

47 Is éard is aschuir ann táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a maoiníodh, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

48 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóir(i) sonracha(a)...’

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	2026	2027	IOMLÁN
--	------	------	--------

CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil			
Acmhainní daonna	0,043	0.014	0,057
Caiteachas riaracháin eile	0.038	0.038	0,076
Fo- iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	0.081	0.052	0.133

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7⁴⁹ den chreat airgeadais ilbhliantúil			
Acmhainní daonna			
Caiteachas eile de chineál riaracháin			
Fo- iomlán Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil			

IOMLÁN	0.081	0.052	0.133
---------------	--------------	--------------	--------------

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrtóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrtóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrtóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

49 Cúnamh teicniúil agus/nó riaracháin agus caiteachas ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais (seanlíte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna.
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha**

	2026	2027
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	0.25	0.083
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)		
01 01 01 01 (Taighde indíreach)		
01 01 01 11 (Taighde díreach)		
Línte buiséid eile (sonraigh)		
20 02 01 (CA, SNE, INT ón ‘imchlúdach iomlánaíoch’)		
20 02 03 (CA, LA, SNE, INT agus JPD sna toscaireachtaí)		
XX 01 xx bb zz ⁵⁰	- sa cheanncheathrú	
	- i dtoscaireachtaí	
01 01 01 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach)		
01 01 01 12 (CA, SNE, INT – taighde díreach)		
Línte buiséid eile (sonraigh)		
IOMLÁN	0.25	0.083

* Baineann Ceannteideal 7, caiteachas riaracháin foirne, le coibhéiseach lánaimseartha amháin ar feadh 3 mhí sa chéad bhliain den chur chun feidhme agus ar feadh 1 mhí amháin in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin ag AS JUST. Dá bhrí sin, is lú ná 1 aonad coibhéise lánaimseartha amháin iad na hacmhainní daonna measta a bhfuil gá leo.

Is é **cosaint chonsalach** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrtóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrtóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d’fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrtóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséidacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Faisnéis a fhaightear ó na Ballstáit a bhailiú agus a scaipeadh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.
Pearsanra seachtrach	

50 Fo-uasteorainn d’fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).
- is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.
- is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ní dhéantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe
- déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh- mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N ¹	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

1 Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ar acmhainní dílse
 - ar ioncam eile
 - má tá an t- ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ²					Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3				
Airteagal									

I gcás ioncam ilghnéitheach atá ‘sannta’, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

2 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis do 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.